# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2021

# Scéim Mharcála

# Gaeilge

# Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Is éard atá sa cháipéis fhoilsithe seo ná an scéim chríochnaithe mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

## Páipéar I (160 marc)

## Cuid I: Cluastuiscint (60 marc)

---

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| { | **(i)** | Tuiscint | = **60** marc | } |
| { | **(ii)** | Cumas Gaeilge | - (**0-3**) marc | } |
| { | **(iii)** | **Iomlán** | = | } |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Cuid A:** | **18 marc (Eolas)** | | |
| Fógra 1: | 2 mharc x 4 | = | 8 marc |
| Fógra 2: | 2 mharc x 5 | = | 10 marc |
| | **8 + 10** | = | **<u>18 marc</u>** |
| **Cuid B:** | **28 marc (Eolas)** | | |
| Comhrá 1: | 2 mharc x 7 | = | 14 mharc |
| Comhrá 2: | 2 mharc x 7 | = | 14 mharc |
| | **14 + 14** | **=** | **<u>28 marc</u>** |
| **Cuid C:** | **14 mharc (Eolas)** | | |
| Píosa 1: | 2 mharc x 3 | = | 6 mharc |
| Píosa 2: | 2 mharc x 4 | = | 8 marc |
| | **6 + 8** | **=** | **<u>14 mharc</u>** |

**Bainfear ó 0 go 3 ar chaighdeán na Gaeilge.**

## An Triail Chluastuisceana

## CUID A

### Fógra a hAon (Canúint Chonnacht)

Seo fógra ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Tá Oifigeach Gaeilge á lorg ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Beidh dualgas ar an duine a cheapfar imeachtaí a eagrú a chuirfidh an Ghaeilge chun cinn ar an gcampas. Ar na cáilíochtaí atá riachtanach don phost seo tá: Gaeilge líofa, scileanna maithe cumarsáide agus cumas maith eagrúcháin. Is é an tuarastal ná €30,000 sa bhliain. Beidh oifig ag an duine a cheapfar in Áras na Gaeilge ar an gcampas. Má tá suim agat sa phost seo, cuir litir iarratais chuig an seoladh ríomhphoist oifig@gaeilge.ie. Is é an séú lá déag de mhí Dheireadh Fómhair an dáta deireanach le haghaidh na n-iarratas.

### Fógra a Dó (Canúint na Mumhan)

Seo fógra ó Chumann na Múinteoirí Staire. Cuirfidh Cumann na Múinteoirí Staire comórtas scríbhneoireachta do scoláirí dara leibhéal ar siúl i mí Aibreáin. Tá an comórtas scríbhneoireachta seo á eagrú chun comóradh a dhéanamh ar Chogadh na Saoirse a bhí ar siúl in Éirinn idir na blianta míle naoi gcéad naoi déag agus míle naoi gcéad fiche a haon. Le cur isteach ar an gcomórtas seo, caithfidh na scoláirí taighde a dhéanamh ar phearsa a ghlac páirt sa chogadh, agus ansan cuntas a scríobh ar an tábhacht a bhain leis an bpearsa san sa chogadh. Is é ceithre mhíle focal an líon focal is airde atá ceadaithe sa chuntas. Gheobhaidh gach buaiteoir dearbhán leabhair mar dhuais. Tá gach eolas faoin gcomórtas seo le fáil ag www.stair.ie. Is é an seachtú lá is fiche de mhí Aibreáin an dáta deireanach le haghaidh na n-iontrálacha.

## CUID B

### Comhrá a hAon (Canúint Uladh)

**An Chéad Mhír**

**Liam:** Haigh, a Nuala. Ní fhaca mé thú le tamall anuas. Cá raibh tú?

**Nuala:** Bhí mé ar saoire, a Liam. Ós rud é gur mhol an rialtas dúinn gan taisteal thar lear an samhradh seo, de bharr an choróinvíris, chaith mé féin agus mo mhuintir deich lá ar saoire anseo in Éirinn.

**Liam:** Cá ndeachaigh sibh?

**Nuala:** Chuamar go Gaoth Dobhair i nGaeltacht Thír Chonaill.

**Liam:** Cén fáth ar roghnaigh sibh ceantar Ghaoth Dobhair mar ionad saoire?

**Nuala:** Tá a lán rudaí le déanamh amuigh faoin aer sa cheantar. Bhíomar ábalta dul ar thurais lae chuig a lán áiteanna suimiúla. Agus fuaireamar teach saoire ar cíos réasúnta.

**Liam:** Cad é a dhéanadh sibh gach lá, a Nuala?

**Nuala:** Gach maidin, théinn féin agus mo mhuintir ag siúl cois trá. I ndiaidh an lóin, ghlacainn féin agus mo dheartháireacha páirt i spóirt uisce. D'imríodh mo thuismitheoirí galf ar an ghalfchúrsa áitiúil.

**An Dara Mír**

**Liam:** Cá ndeachaigh sibh ar na turais lae, a Nuala?

**Nuala:** Dhreapamar an Earagail lá amháin. Sin an sliabh is airde i gContae Dhún na nGall.

**Liam:** An raibh sé deacair dreapadh go barr na hEaragaile?

**Nuala:** Ní raibh sé ródheacair mar bhí an talamh ar an chosán tirim agus bhí bróga compordacha siúil orainn. Nuair a bhaineamar an barr amach, bhí radharc iontach againn ar an cheantar go léir thart orainn.

**Liam:** Ar thug sibh cuairt ar aon áit eile a bhí suimiúil?

**Nuala:** Bhí lá iontach againn ar Thoraigh. Chuamar isteach san oileán ar an bhád farantóireachta. Ansin, ghlacamar rothair ar cíos agus chaitheamar an lá ag rothaíocht thart faoin oileán. Thugamar cuairt ar na suíomhanna staire agus seandálaíochta atá ann.

**Liam:** Agus cad é a dhéanadh sibh gach tráthnóna, a Nuala?

**Nuala:** Ligimis ár scíth sa teach gach tráthnóna. Dhéanaimis ár gcuid béilí féin. D'imrímis cluichí boird.

**Liam:** Bhuel, a Nuala. Cén fáth a mbeifeá ag smaoineamh ar shaoire a chaitheamh i dtír ar bith eile nuair is féidir saoire iontach a chaitheamh anseo in Éirinn?

**Nuala:** Tá an ceart ar fad agat, a Liam.

**Comhrá a Dó (Canúint Chonnacht)**

**An Chéad Mhír**

**Caoimhe:** Haigh, a Sheáin. Léigh mé an cuntas ar shuíomh gréasáin do scoile ar an léiriú iontach den cheoldráma *Oilibhéa*r a chuir sibh ar stáitse i halla na scoile le déanaí. Tugadh ardmholadh duit sa chuntas as an taispeántas den scoth a thug tú i bpríomhpháirt an cheoldráma.

**Seán:** Bhuel, a Chaoimhe, táim an-sásta liom féin as an moladh a tugadh dom. Ní raibh mé ag súil leis in aon chor.

**Caoimhe:** Agus inis dom, a Sheáin, conas a fuair tú an phríomhpháirt sa cheoldráma?

**Seán:** Bhuel, bhí trialacha ar siúl do na páirteanna éagsúla sa cheoldráma. Chuir mé isteach ar na trialacha. Bhí orm cúpla amhrán a chanadh agus bhí orm píosa aisteoireachta a dhéanamh os comhair na moltóirí. Bhí sceitimíní orm nuair a fuair mé an phríomhpháirt. Ar éigean a chreid mé é.

**Caoimhe:** Maith thú, a Sheáin. An raibh ort mórán ullmhúcháin a dhéanamh roimh an léiriú stáitse?

**Seán:** Bhí, gan amhras. Bhí orm féin agus ar na haisteoirí eile na línte a chur de ghlanmheabhair, na hamhráin a chleachtadh agus barr feabhais a chur ar na rincí.

**An Dara Mír**

**Caoimhe:** Is dócha go raibh a lán cúraimí ar an bhfoireann chúlstáitse?

**Seán:** Bhí, cinnte. Rinne siad na prapaí stáitse. Réitigh siad an córas fuaime agus an soilsiú. Chabhraigh siad leis na feistis agus leis an smideadh.

**Caoimhe:** Conas a mhothaíodh tú gach oíche sula dtéadh tú amach ar an stáitse?

**Seán:** Bhínn neirbhíseach gach aon oíche. Bhíodh imní orm go ndéanfainn dearmad ar na línte nó ar na hamhráin, nó go gcaillfinn mo ghlór. Ach d'imíodh na néaróga de réir a chéile agus bhínn ar mo shuaimhneas ar an stáitse gach oíche.

**Caoimhe:** An raibh mórán daoine i láthair ag na seónna?

**Seán:** Bhí halla na scoile plódaithe ag na seónna go léir. Bhí an lucht féachana an-tógtha leis an seó gach oíche. D'éirigh siad ina seasamh chun bualadh bos a thabhairt dúinn ag deireadh gach seó.

**Caoimhe:** Rinne sibh go léir gaisce, a Sheáin.

**Seán:** Go raibh maith agat, a Chaoimhe.

## CUID C

### Píosa a hAon (Canúint Uladh)

Sheol Uachtarán na hÉireann, Micheál D. Ó hUiginn, foclóir nua Béarla-Gaeilge ar an tríochadú lá de mhí Dheireadh Fómhair dhá mhíle is fiche. Is togra de chuid Fhoras na Gaeilge é an foclóir nua clóite seo. Bhí an seoladh oifigiúil ar siúl ar líne ar leathanach Facebook Fhoras na Gaeilge. Tá sé ar an chéad mhórfhoclóir Béarla-Gaeilge a foilsíodh le breis is seasca bliain anuas. Tá suíomh an fhoclóra nua, www.foclóir.ie, ar fáil ar líne ón bhliain dhá mhíle is a trí déag. Tá tríocha a haon míle iontráil san fhoclóir nua. Tá a lán focal nua ann atá tagtha chun cinn sa Ghaeilge le roinnt blianta anuas, agus tá forlíonadh gramadaí ann atá an-úsáideach. Is é €30 an praghas atá ar an fhoclóir nua.

### Píosa a Dó (Canúint na Mumhan)

Bhuaigh an eagraíocht dhaonnúil, an Clár Bia Domhanda, Duais Nobel na Síochána anuraidh. Dúirt Coiste Nobel gur bronnadh an onóir seo ar an gClár Bia Domhanda as an obair mhór atá déanta acu chun deireadh a chur leis an ocras ar fud an domhain. Is eagraíocht dhaonnúil de chuid na Náisiún Aontaithe é an Clár Bia Domhanda a bunaíodh sa bhliain míle naoi gcéad seasca a haon. Is é an Clár Bia Domhanda an eagraíocht dhaonnúil is mó atá ag troid i gcoinne an ocrais i roinnt mhaith tíortha ar fud an domhain. Tugtar an bia chomh fada leis na daoine atá ag fulaingt leis an ocras ar eitleáin, ar longa agus ar leoraithe. Cuireann siad cúnamh bia ar fáil nuair a tharlaíonn géarchéimeanna daonnúla de dheasca cogaí, tubaistí nádúrtha, paindéimeanna sláinte agus an athraithe aeráide.

**CUID A (18 marc)**

**FÓGRA A hAON (8 marc)**

**1.** Cad atá á lorg ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh? **2 mharc**

Oifigeach Gaeilge = 2 mharc
Oifigeach = 1 mharc

**2.** Cén dualgas a bheidh ar an duine a cheapfar? **2 mharc**

Imeachtaí a eagrú a chuirfidh an Ghaeilge chun cinn = 2 mharc
Imeachtaí a eagrú = 1 mharc
Imeachtaí Gaeilge (Gaelacha) a eagrú = 1 mharc
An Ghaeilge a chur chun cinn = 1 mharc

**3.** Scríobh síos **dhá** cháilíocht atá riachtanach don phost seo. **2 mharc + 2 mharc**

Gaeilge líofa (den scoth/an-mhaith) = 2 mharc
Scileanna maithe cumarsáide = 2 mharc
Cumas maith eagrúcháin = 2 mharc
Gaeilge = 1 mharc
Scileanna cumarsáide = 1 mharc
Cumas eagrúcháin = 1 mharc

**FÓGRA A DÓ (10 marc)**

**1.** **(a)** Cé a chuir amach an fógra seo? **2 mharc**

Cumann na Múinteoirí Staire = 2 mharc
Múinteoirí Staire = 1 mharc

**(b)** Cén fáth a bhfuil an comórtas scríbhneoireachta seo á eagrú? **2 mharc**

Comóradh a dhéanamh ar Chogadh na Saoirse = 2 mharc
Comóradh ar Chogadh na Saoirse = 2 mharc

**2.** Luaigh **dhá** rud a chaithfidh na scoláirí a dhéanamh le cur isteach ar an gcomórtas seo. **2 mharc + 2 mharc**

Taighde a dhéanamh ar phearsa a ghlac páirt sa chogadh = 2 mharc
Taighde a dhéanamh ar phearsa sa chogadh = 2 mharc
Cuntas a scríobh ar an tábhacht a bhain leis an bpearsa sin sa chogadh = 2 mharc
Cuntas a scríobh ar phearsa sa chogadh = 2 mharc
Taighde a dhéanamh = 1 mharc
Cuntas a scríobh = 1 mharc
Taighde = 1 mharc

**3.** Cad é an dáta deireanach le haghaidh na n-iontrálacha? **2 mharc**

An seachtú lá is fiche de mhí Aibreáin = 2 mharc
27 Aibreán = 2 mharc
27/04 = 2 mharc

**CUID B (28 marc)**

**COMHRÁ A hAON (14 mharc)**

***An Chéad Mhír***

**1.** Cén moladh a rinne an rialtas maidir le cúrsaí taistil sa samhradh? **2 mharc**

Gan taisteal thar lear = 2 mharc
Gan dul thar lear = 2 mharc
Saoire a chaitheamh in Éirinn = 2 mharc
Fanacht sa tír seo = 2 mharc
Fanacht in Éirinn = 2 mharc
Saoire sa bhaile = 2 mharc

**2.** Cén áit in Éirinn ar chaith Nuala agus a muintir deich lá ar saoire sa samhradh?
**2 mharc**

I nGaoth Dobhair i nGaeltacht Thír Chonaill = 2 mharc
I nGaoth Dobhair = 2 mharc
I nGaeltacht Thír Chonaill/Dhún na nGall = 2 mharc
I nDún na nGall/I dTír Chonaill = 1 mharc
I nGaeltacht = 1 mharc

**3**. Luaigh **dhá** chúis ar roghnaigh Nuala agus a muintir an ceantar sin mar ionad saoire.
**2 mharc + 2 mharc**

A lán rudaí le déanamh amuigh faoin aer = 2 mharc
Rudaí le déanamh amuigh faoin aer = 2 mharc
Ábalta dul ar thurais lae = 2 mharc
Ábalta dul ar thurais = 2 mharc
Ábalta dul chuig a lán áiteanna suimiúla = 2 mharc
Fuair siad teach saoire ar cíos réasúnta = 2 mharc
A lán rudaí le déanamh = 1 mharc

***An Dara Mír***

**1.** Tabhair cúis **amháin** nach raibh sé ródheacair dreapadh go barr na hEaragaile, dar le Nuala.
**2 mharc**

Bhí an talamh ar an gcosán tirim = 2 mharc
Bhí an talamh tirim = 2 mharc

Bhí an cosán tirim = 2 mharc
Bhí bróga compordacha siúil orthu/acu/uirthi/aici = 2 mharc
Bróga compordacha siúil = 1 mharc
Bróga siúil = 1 mharc
Bróga compordacha = 1 mharc

**2.** Scríobh síos **dhá** rud a rinne Nuala agus a muintir ar Thoraigh. **2 mharc + 2 mharc**

Ghlac siad rothair ar cíos = 2 mharc
Rothair ar cíos = 1 mharc
Chaith siad an lá ag rothaíocht = 2 mharc
Thug siad cuairt ar na suíomhanna staire = 2 mharc
Thug siad cuairt ar na suíomhanna seandálaíochta = 2 mharc
Rothaíocht = 2 mharc
Cuairt ar shuíomhanna = 1 mharc

**COMHRÁ A DÓ (14 mharc)**

***An Chéad Mhír***

**1.** Cén fáth ar tugadh ardmholadh do Sheán sa chuntas a léigh Caoimhe ar shuíomh gréasáin a scoile? **2 mharc**

As an taispeántas (den scoth) a thug sé i bpríomhpháirt an cheoldráma = 2 mharc
As an taispeántas a thug sé i bpríomhpháirt an cheoldráma = 2 mharc
As an taispeántas a thug sé sa cheoldráma/in *Oilibhéar* = 2 mharc
As an bpríomhpháirt sa cheoldráma = 2 mharc
As an bpríomhpháirt in *Oilibhéar* = 2 mharc
Taispeántas den scoth = 1 mharc

**2.** Conas a mhothaigh Seán nuair a fuair sé an phríomhpháirt sa cheoldráma? **2 mharc**

Bhí sceitimíní air = 2 mharc
Sceitimíní = 2 mharc
Bhí áthas/lúcháir/ríméad/gliondar air = 2 mharc
Ar éigean a chreid sé é = 2 mharc
Ní raibh sé ag tnúth/ag súil leis = 2 mharc
Níor chreid sé é = 2 mharc

**3.** Luaigh **dhá** rud a bhí ar Sheán agus ar na haisteoirí eile a dhéanamh le hullmhú don léiriú stáitse. **2 mharc + 2 mharc**

Na línte a chur de ghlanmheabhair = 2 mharc
Na hamhráin a chleachtadh = 2 mharc
Rincí a chleachtadh = 2 mharc
Barr feabhais a chur ar na rincí = 2 mharc
Barr feabhais ar na rincí = 2 mharc
Ag foghlaim línte = 2 mharc

Na línte a fhoghlaim = 2 mharc
Na rincí = 1 mharc
Na hamhráin = 1 mharc
Na línte = 1 mharc

***An Dara Mír***

**1.** Scríobh síos **dhá** chúram a bhí ar an bhfoireann chúlstáitse. **2 mharc + 2 mharc**

Na prapaí (stáitse) = 2 mharc
An córas fuaime = 2 mharc
Fuaim = 2 mharc
An soilsiú = 2 mharc
Soilse = 2 mharc
Na feistis = 2 mharc
An smideadh = 2 mharc

**2.** Cad a rinne an lucht féachana ag deireadh gach seó? **2 mharc**

D'éirigh siad ina seasamh chun bualadh bos a thabhairt dúinn/dóibh = 2 mharc
D'éirigh siad ina seasamh = 1 mharc
Bualadh bos a thabhairt = 1 mharc
Thug siad bualadh bos = 1 mharc
Bualadh bos = 1 mharc

## CUID C (14 mharc)

## PÍOSA A hAON (6 mharc)

**1.** Cad a sheol Uachtarán na hÉireann, Micheál D. Ó hUiginn, ar an 30 Deireadh Fómhair 2020? **2 mharc**

Foclóir nua Béarla-Gaeilge = 2 mharc
Foclóir = 1 mharc

**2.** Cén áit ar líne a raibh an seoladh oifigiúil ar siúl? **2 mharc**

Ar leathanach Facebook Fhoras na Gaeilge = 2 mharc
Ar Facebook Fhoras na Gaeilge = 2 mharc
Ar leathanach Facebook = 1 mharc
Ar Facebook = 1 mharc

**3.** Scríobh síos rud **amháin** atá ar fáil sa saothar nua a sheol an tUachtarán. **2 mharc**

Tríocha a haon míle iontráil/31 000 iontráil = 2 mharc
Tríocha a haon míle focal/31 000 focal = 2 mharc
A lán focal nua atá tagtha chun cinn sa Ghaeilge = 2 mharc
Focail nua atá tagtha chun cinn sa Ghaeilge = 2 mharc

A lán focal nua sa Ghaeilge = 2 mharc
A lán focal nua = 1 mharc
Forlíonadh gramadaí = 2 mharc

**PÍOSA A DÓ (8 marc)**

**1.** Cén eagraíocht dhaonnúil a bhuaigh Duais Nobel na Síochána anuraidh? **2 mharc**

An Clár Bia Domhanda = 2 mharc

**2.** Cén fáth ar bronnadh an onóir seo ar an eagraíocht dhaonnúil sin, de réir Choiste Nobel? **2 mharc**

As an obair mhór atá déanta acu chun deireadh a chur leis an ocras (ar fud an domhain) = 2 mharc
As an obair mhór atá déanta acu = 1 mharc
Ag troid i gcoinne an ocrais ar fud an domhain = 2 mharc
Ag troid i gcoinne an ocrais = 2 mharc

**3.** Tabhair **dhá** chúis a dtarlaíonn géarchéimeanna daonnúla. **2 mharc + 2 mharc**

Cogaí = 2 mharc
Tubaistí nádúrtha = 2 mharc
Paindéimeanna (sláinte) = 2 mharc
De dheasca an athraithe aeráide = 2 mharc
An tAthrú Aeráide/Athrú Aeráide = 2 mharc
Tubaistí = 1 mharc

Léirigh na marcanna mar seo ar chlúdach na Cluastuisceana:

| *Don Scrúdaitheoir* | |
|---|---|
| **Cuid I: Cluastuiscint** | |
| **Na hIomláin** | |
| **Cuid A, Fógra 1** | **8 marc** |
| **Cuid A, Fógra 2** | **10 marc** |
| **Cuid B, Comhrá 1** | **14 mharc** |
| **Cuid B, Comhrá 2** | **14 mharc** |
| **Cuid C, Píosa 1** | **6 mharc** |
| **Cuid C, Píosa 2** | **8 marc** |
| **Iomlán** | **60 marc** |

| | |
|---|---|
| **Eolas (60 marc)** | |
| **Gaeilge - (0-3)** | |
| **Móriomlán** | |

| Cuid II: | CEAPADÓIREACHT | 100 marc |
|---|---|---|

**3** Roinn ar an bpáipéar scrúdaithe

**A.** Aiste **nó** Alt Nuachtáin / Irise

**B**. Scéal

**C.** Díospóireacht / Óráid

**An Mharcáil:**

**Iarracht iomlán** = 500 – 600 focal (an treoir ar an bpáipéar scrúdaithe), an t-ábhar ad rem agus bunaithe ar an teideal a roghnaíonn an t-iarrthóir.

Stíl chuí scríbhneoireachta = **5** mharc

Ionramháil Ábhair = **15** mharc

Cumas Gaeilge = **80** marc

**3 chéim sa mharcáil:**

Cé go bhfuil trí roinn (Stíl, Ionramháil Ábhair agus Cumas Gaeilge) i gceist, moltar measúnú a dhéanamh ar iarracht an iarrthóra **mar aonad**.

| | |
|---|---|
| An Measúnú | An iarracht a mheas mar aonad - Cad is fiú an iarracht cheapadóireachta ó thaobh catagóire de? |
| An Aicme sa chatagóir | Socraigh an aicme cheart sa chatagóir: ard / meánach / íseal. |
| An Marc | Roghnaigh an marc cuí a fhreagraíonn don aicme sin. |

Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc a bhronntar as 5 (Stíl), an marc a bhronntar as 15 (Ábhar) agus an marc a bhronntar as 80 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir ag bun na hiarrachta ceapadóireachta.

Stíl (5) =

Ábhar (15) =

Gaeilge (80) = ________________

CII (100) =

**Gnéithe a bhaineann leis an marcáil**

**Stíl chuí scríbhneoireachta (5 mharc)**

Stíl (5 mharc) = 5 mharc sa chás go bhfuil an stíl chuí scríbhneoireachta in úsáid - má roghnaítear B (a), ní mór don iarrthóir **Scéal** a scríobh agus ní cheadaítear **Aiste** nó **Díospóireacht** srl. Sa chás go scríobhtar **Aiste** srl. agus teideal an scéil leis, an marc cuí ná Stíl (5) = 0.

Smaoinigh nach mbaineann an marc ar Stíl le caighdeán nó le cáilíocht na hiarrachta. Déantar é seo a mheas faoi Ábhar (15 mharc).

**Ionramháil Ábhair (15 mharc)**

Tuairimí, smaointe, insint, eachtraí, imeachtaí, eolas, faisnéis **a bhaineann go dlúth le hábhar theideal na ceapadóireachta**.

| **Aicme** | **Marc** |
|---|---|
| Ionramháil shármhaith (smaointe fairsinge, samhlaíocht neamhghnách) | 13, 14, 15 |
| Ionramháil an-mhaith | 11, 12 |
| Ionramháil mhaith | 9, 10 |
| Ionramháil mheasartha | 6, 7, 8 |
| Ionramháil lag / bhearnach | 3, 4, 5 |
| Ionramháil an-lag (easnamhach) | 0, 1, 2 |

Ba cheart an ionramháil ábhair a mheas agus tagairt á déanamh do Chumas na Gaeilge. Ó tharla gurb í an teanga an chóir iompair atá ag na smaointe ábhartha a bhaineann le teideal na hiarrachta, bíonn coibhneas de ghnáth idir an Cumas Gaeilge agus Ionramháil an Ábhair. Ní féidir smaointe cuí, ábhartha a chur i láthair go soiléir gan cóir iompair éifeachtach. Is í an mháistreacht ar an teanga leis na smaointe ábhartha a ionramháil an ghné den scríbhneoireacht is tábhachtaí agus an cheapadóireacht á marcáil.

**Cumas Gaeilge (80 marc)**

**(i)** Fairsinge agus Saibhreas Stór Gaeilge an iarrthóra

**agus**

**(ii)** Beachtas maidir le máistreacht na cruinnúsáide ar na príomhghnéithe (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) de cheart na Gaeilge.

**Dhá ghné** i gceist sa Chumas Gaeilge:

| **Stór Gaeilge agus dul na teanga** | **Beachtas / Cruinneas na Gaeilge** |
|---|---|
| • Máistreacht an iarrthóra ar an teanga chun na smaointe a ionramháil<br>• Cumas an iarrthóra chun a smaointe faoin ábhar a scríobh síos go tuisceanach soiléir, gan bunrialacha na teanga a shárú<br>• Fairsingeacht agus saibhreas an fhoclóra<br>• An Chomhréir - struchtúir na n-abairtí | Caighdeán an iarrthóra i gcruinnláimhseáil ghramadach na Gaeilge:<br>• Aimsirí na mbriathra<br>• Litriú<br>• Séimhiú<br>• Urú<br>• An Chlaoninsint<br>• Réamhfhocail<br>• Díochlaontaí na n-ainmfhocal |

Tá sé fíorthábhachtach idirdhealú a dhéanamh idir mórbhotúin chomhréire agus mionbhotúin ghramadaí agus litrithe.

Cuimhnigh ar an treoir atá ar an scrúdpháipéar:
*Ní mór ceangal cinnte leanúnach a bheith ann idir an teideal a roghnaítear agus an t-ábhar a scríobhtar.*

Sa chás go scríobhtar ábhar seachtrach nach bhfuil **ad rem** cuirfear as an áireamh an t-ábhar neamhábhartha sin. D'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar an gcinneadh sin nach sásóidh an iarracht cheapadóireachta na riachtanais ó thaobh fad de, agus dá thoradh sin, go ngearrfar pionós pro-rata ar an ábhar agus ar an nGaeilge. Nuair nach bhfuil an iarracht ar fad **ad rem**, cuir lúibín cearnach ag tús an phíosa/an ailt nach bhfuil **ad rem** agus lúibín cearnach eile ag deireadh an phíosa/an ailt sin agus scríobh '**níl sé seo ad rem**' sa cholún ar dheis.

| | Catagóir | Aicme | Raon marcanna |
|---|---|---|---|
| **1. Stór Gaeilge**<br>**2. Beachtas / Cruinneas na Gaeilge** | | | |
| • Fairsingeacht agus Saibhreas atá sármhaith<br>• Cruinneas sármhaith (den chuid is mó) | **Sármhaith** | Ard | 76-80 marc |
| | | Meánach | 72-75 marc |
| | | Íseal | 68-71 marc |
| | | | |
| • Fairsingeacht agus Saibhreas atá an-mhaith<br>• Cruinneas an-mhaith (den chuid is mó) | **An-mhaith** | Ard | 64-67 marc |
| | | Meánach | 60-63 marc |
| | | Íseal | 56-59 marc |
| | | | |
| • Fairsingeacht agus Saibhreas atá maith<br>• Cruinneas maith (den chuid is mó) | **Maith** | Ard | 52-55 marc |
| | | Meánach | 48-51 marc |
| | | Íseal | 44-47 marc |
| | | | |
| • Fairsingeacht agus Saibhreas atá measartha<br>• Cruinneas measartha (den chuid is mó) | **Measartha** | Ard | 40-43 marc |
| | | Meánach | 36-39 marc |
| | | Íseal | 32-35 marc |
| | | | |
| • Fairsingeacht agus Saibhreas atá lag<br>• Cruinneas lag (den chuid is mó) | **Lag** | Ard | 28-31 marc |
| | | Meánach | 24-27 marc |
| | | Íseal | 20-23 marc |
| | | | |
| • Fairsingeacht agus Saibhreas atá an-lag<br>• Cruinneas an-lag (den chuid is mó) | **An-lag** | Ard | 16-19 marc |
| | | Meánach | 12-15 marc |
| | | Íseal | 8-11 marc |
| | | An-íseal | 0-7 marc |

**Treoracha:** Tá an iarracht cheapadóireachta rógheearr nó níl an t-ábhar ar fad atá scríofa ad rem/ábhartha/bainteach go dlúth leis an teideal a roghnaíodh:

**An iarracht cheapadóireachta rógheearr**

**Leathanach go leith den mhéid atá scríofa *ad rem*:**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Stíl: | (5-1 [fad]) | (4) | = |
| Ábhar: | (15-2 [fad]) | (13) | = |
| Gaeilge: | (80-12 [fad]) | (68) | = |

**Leathanach amháin den mhéid atá scríofa *ad rem*:**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Stíl: | (5-2 [fad]) | (3) | = |
| Ábhar: | (15-4 [fad]) | (11) | = |
| Gaeilge: | (80-24 [fad]) | (56) | = |

**Leathleathanach den mhéid atá scríofa *ad rem*:**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Stíl: | (5-3 [fad]) | (2) | = |
| Ábhar: | (15-6 [fad]) | (9) | = |
| Gaeilge: | (80-36 [fad]) | (44) | = |
| | | **CII (100)** | **=** |

**Níl an iarracht cheapadóireachta go hiomlán *ad rem***

**Leathanach go leith den mhéid atá scríofa *ad rem*:**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Stíl: | (5-1 [ad rem]) | (4) | = |
| Ábhar: | (15-2 [ad rem]) | (13) | = |
| Gaeilge: | (80-12 [ad rem]) | (68) | = |

**Leathanach amháin den mhéid atá scríofa *ad rem*:**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Stíl: | (5-2 [ad rem]) | (3) | = |
| Ábhar: | (15-4 [ad rem]) | (11) | = |
| Gaeilge: | (80-24 [ad rem]) | (56) | = |

**Leathleathanach den mhéid atá scríofa *ad rem*:**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Stíl: | (5-3 [ad rem]) | (2) | = |
| Ábhar: | (15-6 [ad rem]) | (9) | = |
| Gaeilge: | (80-36 [ad rem]) | (44) | = |
| | | **CII (100)** | **=** |

## Páipéar II (120 marc)

## Ceist 1 LÉAMHTHUISCINT (50 marc)

Treoracha do mharcáil na Léamhthuisceana:

LÉAMHTHUISCINT: A **nó** B

Tá Ceist 1 – 5 ar cómharc, 7 marc ar gach ceann.

Tá trí mharc ag gabháil le cuid (a).

Tá **dhá** chuid i gceist (b): (i) agus (ii) agus **dhá** mharc ar (b) (i) agus **dhá** mharc ar (b) (ii).

Glacfar le freagraí i bhfocail an iarrthóra nó i bhfocail an tsleachta, de réir mar a éilíonn an cheist.

Maidir le 6 (a) sa dá Léamhthuiscint tá **trí** mharc ag gabháil leis an gceist seo: tabharfar **dhá** mharc ar an gcéad mhír ghramadaí atá ceart agus marc **amháin** ar an gceann eile.

Tá **12** mharc ag gabháil le Ceist 6 (b) sa dá chás. Ní mór d'iarrthóirí Ceist 6 (b) a fhreagairt **ina bhfocail féin**. Tá eolas breise faoi Cheist 6 (b) le fáil sna nótaí ar an dá Léamhthuiscint.

Cuir an marc iomlán do gach focheist sa cholún ar dheis sa fhreagarleabhar.

**LÉAMHTHUISCINT A (50 marc)**

**John Hume – Laoch na Síochána**

**1.** **(a)** Cén moladh a tugadh do John Hume nuair a fógraíodh a bhás ar an 3 Lúnasa 2020? (Alt 1)
**{3 mharc}**

- (Láithreach bonn, moladh é i gcéin agus i gcóngar) mar fhear déanta na síochána i dTuaisceart Éireann = 3 mharc
- (Láithreach bonn, moladh é i gcéin agus i gcóngar) mar fhear déanta na síochána = 2 mharc

**(b)** **(i)** Scríobh síos cúis **amháin** ar bronnadh Duais Nobel na Síochána ar John Hume sa bhliain 1998. (Alt 1)
(Cúis **amháin**) **{2 mharc}**

- (Ar son an) tríocha bliain (a bhí caite aige) ag forbairt na síochána i dTuaisceart Éireann = 2 mharc
- (Ar son an) tríocha bliain (a bhí caite aige) ag forbairt na síochána = 1 mharc
- De bharr a chuid iarrachtaí (in éineacht le David Trimble) chun teacht ar réiteach síochánta ar an gcoimhlint i dTuaisceart Éireann = 2 mharc
- De bharr a chuid iarrachtaí (in éineacht le David Trimble) chun teacht ar réiteach síochánta ar an gcoimhlint ann = 1 mharc

**(ii)** Cén cur chuige a chothaigh Martin Luther King san fheachtas chun cearta sibhialta a bhaint amach do dhaoine gorma? (Alt 1)
**{2 mharc}**

- Chothaigh sé an agóidíocht shíochánta = 2 mharc
- An agóidíocht shíochánta = 2 mharc

**2.** **(a)** Scríobh síos **dhá** phointe eolais faoi thuismitheoirí John Hume. (Alt 2)
(**Dhá** phointe eolais) **{3 mharc: 2 mharc** + **1 mharc}**

An chéad phointe eolais atá ceart = 2 mharc; an dara pointe eolais atá ceart = 1 mharc

- Ní raibh a mhuintir go maith as (na tuismitheoirí i gceist sa phointe eolais seo)
- Bhí seachtar duine clainne acu (na tuismitheoirí i gceist sa phointe eolais seo)

Mura mbíonn ceachtar den dá phointe eolais thuas sa fhreagra, caithfidh pointe **amháin** eolais a bheith sa fhreagra faoi athair John agus an dara pointe eolais a bheith faoi mháthair John.

Athair John

- Chaill a athair a phost sa longchlós
- Chaill a athair a phost
- Chaill a athair a phost nuair a bhí John ocht mbliana d’aois
- Chaill a athair a phost agus níor éirigh leis post eile a fháil riamh arís

Máthair John

- D’oibríodh máthair John go páirtaimseartha
- D’oibríodh máthair John sna monarchana áitiúla léinte
- D’oibríodh máthair John chun an teaghlach a chothú

**(b) (i)** Tabhair pointe **amháin** eolais faoi oideachas dara leibhéal John Hume. (Alt 2)

**{2 mharc}**

- Fuair John saoroideachas dara leibhéal i gColáiste Cholm Cille
- Fuair sé saoroideachas
- Bhí sé ag freastal ar Choláiste Cholm Cille

**(ii)** Luaigh **dhá** phointe eolais faoin bpobal náisiúnach i gcathair Dhoire nuair a d’fhill John abhaile sa bhliain 1957. (Alt 2)

(**Dhá** phointe eolais) **{1 mharc + 1 mharc}**

- Bhí an bhochtaineacht forleathan
- Bhí teannas idir an pobal náisiúnach agus an pobal aontachtach
- Bhí éagóir á déanamh ar náisiúnaithe i gcúrsaí fostaíochta
- Bhí éagóir á déanamh ar náisiúnaithe i gcúrsaí tithíochta

**3.** **(a)** Scríobh síos **dhá** chúis a mbeadh cathair Dhoire oiriúnach mar láthair don ollscoil nua. (Alt 3)

(**Dhá** chúis) **{3 mharc: 2 mharc + 1 mharc}**

An chéad chúis atá ceart = 2 mharc; an dara cúis atá ceart = 1 mharc

- Toisc go raibh traidisiún láidir ardoideachais sa chathair = cúis amháin
- Bhí Coláiste Mhig Aoidh sa chathair (ó 1865) = cúis amháin
- Bhí Coláiste Mhig Aoidh sa chathair (ó 1865) agus bhí leabharlann bhreá sa choláiste = dhá chúis
- Bhí Coláiste Mhig Aoidh sa chathair (ó 1865) agus campas mór ann = dhá chúis

**(b) (i)** Cén fáth ar bunaíodh an Derry Development Association? (Alt 3)

**{2 mharc}**

- Ag iarraidh gnó agus tionsclaíocht a mhealladh go dtí an chathair chun breis fostaíochta a chruthú don phobal = 2 mharc
- Ag iarraidh gnó agus tionsclaíocht a mhealladh go dtí an chathair = 2 mharc
- Ag iarraidh gnó a mhealladh go dtí an chathair = 2 mharc
- Ag iarraidh tionsclaíocht a mhealladh go dtí an chathair = 2 mharc
- Chun breis fostaíochta a chruthú = 2 mharc

**(ii)** Cén aidhm a bhí ag Gluaiseacht na gCeart Sibhialta i dTuaisceart Éireann? (Alt 3)

**{2 mharc}**

- Brú a chur ar Rialtas na Breataine cothrom na Féinne a thabhairt do shaoránaigh Thuaisceart Éireann ar fad = 2 mharc
- Brú a chur ar Rialtas na Breataine cothrom na Féinne a thabhairt do shaoránaigh = 2 mharc

- Brú a chur ar Rialtas na Breataine cothrom na Féinne a thabhairt = 1 mharc

**4.** **(a)** Cén dearcadh polaitiúil a bhí ag Hume agus ag an SDLP ar thodhchaí an tuaiscirt? (Alt 4)
**{3 mharc}**

- Go raibh todhchaí an tuaiscirt ag brath ar chomhthuiscint agus ar chomhthoil na bpobal creidimh agus polaitíochta éagsúil ann = 3 mharc
- Go raibh todhchaí an tuaiscirt ag brath ar chomhthuiscint agus ar chomhthoil na bpobal = 2 mharc

**(b)** **(i)** Cén fáth ar thosaigh John Hume cainteanna rúnda le Gerry Adams sa bhliain 1986? (Alt 4)
**{2 mharc}**

- Ag iarraidh air a chur ina luí ar an IRA go raibh bealach na síochána níos córa ná an lámh láidir = 2 mharc

**(ii)** Cén toradh a bhí ar na cainteanna síochána idir John Hume agus Gerry Adams? (Alt 4)
**{2 mharc}**

- D’fhógair an IRA sos cogaidh i 1994 = 2 mharc
- D’fhógair an IRA sos cogaidh = 2 mharc

**5.** **(a)** Scríobh síos **dhá** rud a dúirt an tUachtarán Bill Clinton ina óráid nuair a thug sé cuairt ar chathair Dhoire i 1995. (Alt 5)
(**Dhá** rud) **{3 mharc: 2 mharc + 1 mharc}**

An chéad rud atá ceart = 2 mharc; an dara rud atá ceart = 1 mharc

- Gurbh é Hume an curadh síoraí ar son cearta daonna
- Gurbh é Hume an guth deisbhéalach i gcoinne an fhoréigin

**(b)** **(i)** Cad a dúirt John Hume i ráiteas agus é ag machnamh ar a shaol sa pholaitíocht? (Alt 5)
**{2 mharc}**

- Dúirt sé nach ndeachaigh sé leis an bpolaitíocht le bheith ina cheannaire ach le cuidiú le daoine = 2 mharc
- Dúirt sé nach ndeachaigh sé leis an bpolaitíocht le bheith ina cheannaire = 2 mharc
- Dúirt sé **go** ndeachaigh sé leis an bpolaitíocht le cuidiú le daoine = 2 mharc

**(ii)** Luaigh **dhá** rud a dúirt mac John Hume faoina athair ag Aifreann a shochraide. (Alt 5)
(**Dhá** rud) **{2 mharc: 1 mharc + 1 mharc}**

An chéad rud atá ceart = 1 mharc; an dara rud atá ceart = 1 mharc

- Go raibh obair a athar bunaithe ar an tuiscint go mbíonn daoine ag brath ar a chéile
- Go raibh obair a athar bunaithe ar an tuiscint nach mbíonn aon duine neamhspleách ar a chomhdhaoine
- Chreid John Hume go daingean gurb iad an meas agus an grá bunchlocha gach aon phobail

- Chreid sé fosta nár chóir géilleadh ach leanúint leis an obair go mbaintear an sprioc amach

**6.** **(a)** Aimsigh sampla de bhriathar sa Mhodh Coinníollach in Alt 3 **agus** sampla den bhriathar saor san Aimsir Chaite in Alt 5.

**{3 mharc: 2 mharc + 1 mharc}**

Tá **trí** mharc ag gabháil leis an gceist seo: tabharfar **dhá** mharc ar an gcéad mhír ghramadaí atá ceart agus marc **amháin** ar an gceann eile.

Sampla de bhriathar sa Mhodh Coinníollach in Alt 3: (go) mbeadh, bheadh, beadh
Sampla den bhriathar saor san Aimsir Chaite in Alt 5: síníodh

**(b)** Bunaithe ar an eolas sa sliocht thuas, déan plé ar **dhá** thréith de chuid John Hume, dar leat. Bíodh sampla **amháin** agat, **i d'fhocail féin,** ag tacú le gach tréith a luann tú i do fhreagra. (Is leor **60** focal.)

**{6 mharc + 6 mharc}**

**Dhá** thréith = **6** mharc + **6** mharc
Tréith **1** a lua = **2** mharc + sampla den tréith sin (eolas cruinn as an sliocht mar thacú léi) = **4** mharc
Tréith **2** a lua = **2** mharc + sampla den tréith sin (eolas cruinn as an sliocht mar thacú léi) = **4** mharc

**Treoir:**
Tá 'bunaithe ar an eolas sa sliocht' agus 'i d'fhocail féin' luaite sa cheist seo. Dá bharr sin, ní mór do na hiarrthóirí an cheist a fhreagairt ina gcuid focal féin agus ní thabharfar creidiúint ar bith d'eolas nach bhfuil sa sliocht.
(Ní mór Ceist 6 (b) a fhreagairt i d'fhocail féin = an treoir ar leathanach 3 den scrúdpháipéar)
Gan tréith(e) luaite, ní féidir glacadh leis an sampla/na samplaí.
Cuir lúibíní cearnacha thart ar abairtí sa fhreagra a thógtar díreach as an sliocht.

**Samplaí**

- Ceannaire polaitiúil den scoth ba ea é…suim mhór aige a bheith ag freastal ar dhaoine ina ról mar pholaiteoir…
- Throid sé go láidir ar son na síochána i dTuaisceart Éireann, bhí cuspóir aige gach taobh den saol polaitiúil sa Tuaisceart a thabhairt le chéile…
- Bhí sé glan i gcoinne an fhoréigin agus an naimhdis…
- Sároibrí a bhí ann…
- Bhí John tuisceanach, foighneach agus bhí sé toilteanach éisteacht leis an dearcadh agus leis na tuairimí a bhí ag grúpaí eile…
- Bhí teacht aniar, neart agus láidreacht ag baint leis…d'fhulaing sé féin agus a theaghlach bochtaineacht agus cruatan le linn a óige i gceantar Caitliceach i gcathair Dhoire…
- Le linn a óige, bhíodh air cur suas le buillí troma…chaill a athair a phost agus bhí ar John dul amach ag scaipeadh nuachtán chun cur leis an airgead a bhí ag teastáil óna theaghlach…
- Duine éirimiúil, cliste ba ea John…céim aige sa Fhraincis agus sa Stair…spéis aige i gceannairí idirnáisiúnta…Martin Luther King…
- Bhíodh John i gcónaí ag faire amach do na daoine bochta agus do na Caitlicigh ina chathair féin…bhí sé i measc na ndaoine a bhunaigh Comhar Creidmheasa Dhoire…
- Theastaigh ó John cothrom na Féinne a thabhairt do dhaoine i gcónaí…ní raibh sé sásta nuair a theip ar iarrachtaí ollscoil nua a thabhairt go cathair Dhoire…

- Bhí John gníomhach i nGluaiseacht na gCeart Sibhialta ó thuaidh san seascaidí…
- Bhí John uaillmhianach agus ar fheabhas mar pholaiteoir…toghadh é ina fheisire chuig Westminster agus chuig Parlaimint na hEorpa…
- Bhí John neamheaglach agus thosaigh sé cainteanna síochána le Gerry Adams chun deireadh a chur le feachtas míleata an IRA…
- D'éirigh leis caithréim a bhaint amach…cainteanna le Gerry Adams…an tsíocháin…sos cogaidh an IRA…
- Bhí John ábalta daoine a thabhairt le chéile chun an tsíocháin agus an comhoibriú a chur chun cinn ó thuaidh…
- Gníomhaí síochána ba ea John…bhí an tsíocháin agus cearta daonna chun cinn i gcónaí i saol agus in iarrachtaí polaitiúla Hume…

**Nóta:** Níl sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí thuasluaite uileghabhálach ná eisiach. Is samplaí de fhreagraí féideartha atá iontu; déanfaidh na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus bronnfar marcanna ar thréithe eile agus ar phointí ábhartha eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair de réir a bhfiúntais.

T1 (2) + S1 (4) =
T2 (2) + S2 (4) =

Ag bun Léamhthuiscint A, léirigh na marcanna mar seo:

**C 1(A) (50) =**

## LÉAMHTHUISCINT B (50 marc)

### Scéalta ón mbliain 2020

**1.** **(a)** Tabhair **dhá** phointe eolais faoin mBreatimeacht. (Alt 1)

(**Dhá** phointe eolais) **{3 mharc: 2 mharc + 1 mharc}**

An chéad phointe eolais atá ceart = 2 mharc; an dara pointe eolais atá ceart = 1 mharc

- D'fhág an Ríocht Aontaithe an tAontas Eorpach ar an 31 Eanáir 2020
- Bhí cainteanna ar siúl ar feadh na bliana idir taidhleoirí an Aontais Eorpaigh agus na Ríochta Aontaithe ag iarraidh téarmaí trádála agus polaitiúla an Bhreatimeachta a réiteach (dhá phointe eolais anseo = 2 mharc + 1 mharc = 3 mharc)
- Bhí cainteanna ar siúl ar feadh na bliana idir taidhleoirí an Aontais Eorpaigh agus na Ríochta Aontaithe

**(b)** **(i)** Cén fáth ar thosaigh na léirsithe ag tacú leis an ngluaiseacht *Black Lives Matter*? (Alt 1)

**{2 mharc}**

- De thoradh na gcíréibeacha a tharla i Stáit Aontaithe Mheiriceá nuair a maraíodh an fear gorm, George Floyd (i gcathair Minneapolis) = 2 mharc
- De thoradh na gcíréibeacha a tharla i Stáit Aontaithe Mheiriceá nuair a maraíodh George Floyd = 2 mharc
- De thoradh na gcíréibeacha a tharla i Stáit Aontaithe Mheiriceá nuair a maraíodh fear gorm = 2 mharc

- Maraíodh fear gorm = 1 mharc
- Maraíodh George Floyd = 1 mharc

**(ii)** Luaigh pointe **amháin** eolais faoi thoghadh Kamala Harris, an Leas-Uachtarán nua ar Stáit Aontaithe Mheiriceá. (Alt 1)

(Pointe **amháin** eolais) **{2 mharc}**

- Is í Kamala Harris an chéad bhean a toghadh riamh mar Leas-Uachtarán ar Stáit Aontaithe Mheiriceá = 2 mharc
- Is í Kamala Harris an chéad duine gorm a toghadh riamh mar Leas-Uachtarán ar Stáit Aontaithe Mheiriceá = 2 mharc
- Is í Kamala Harris, bean ghorm de bhunadh na hÁise Theas an Leas-Uachtarán nua = 2 mharc

**2. (a)** Scríobh síos **dhá** phointe eolais faoin easpa dídine sa tír seo, de réir na dtuairiscí sa nuacht le linn 2020. (Alt 2)

(**Dhá** phointe eolais) **{3 mharc: 2 mharc + 1 mharc}**

An chéad phointe eolais atá ceart = 2 mharc; an dara pointe eolais atá ceart = 1 mharc

- Tá a lán daoine gan dídean bhuan fós
- Tá na daoine sin lonnaithe i gcóiríocht éigeandála
- Tá daoine ag baint úsáide as seirbhísí do dhaoine gan dídean
- Tráchtar sna tuairiscí ar obair eagraíochtaí carthanachta mar Focus Ireland agus Clann Shíomóin, atá ag cabhrú leis an gcruachás a mhaolú

**(b) (i)** Luaigh **dhá** bheartas de chuid an rialtais chun dul i ngleic le fadhb na heaspa dídine. (Alt 2)

(**Dhá** bheartas) **{2 mharc: 1 mharc + 1 mharc}**

- Tá infheistíocht déanta acu chun cabhrú leis na húdaráis áitiúla agus le forbróirí príobháideacha níos mó tithe a thógáil = 1 mharc + 1 mharc = 2 mharc
- Tá siad chun dlús a chur le soláthar tithíochta sóisialta do dhaoine nach bhfuil in ann teach a cheannach dóibh féin = 1 mharc
- Tá siad chun dlús a chur le soláthar tithíochta sóisialta = 1 mharc

**(ii)** Scríobh síos toradh fiúntach **amháin** a bhfuiltear ag súil leis ar bheartais an rialtais. (Alt 2)

(Toradh fiúntach **amháin**) **{2 mharc}**

- Go gcuirfear dóthain tithe ar fáil sna háiteanna is mó éileamh = 2 mharc
- Go mbeifear ábalta an easpa dídine a bhainistiú go dtí go gcuirfear deireadh léi = 2 mharc

**3. (a)** Cén phríomhfhreagracht atá ar Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe? (Alt 3)

**{3 mharc}**

- An tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta a chothú = 3 mharc

**(b) (i)** Luaigh **dhá** chuspóir a bhíonn le misin choimeádta síochána na Náisiún Aontaithe. (Alt 3)

(**Dhá** chuspóir) **{2 mharc = 1 mharc + 1 mharc}**

- Bíonn na misin i gceantair áirithe ag iarraidh coinbhleachtaí a chosc agus an tsíocháin a dhéanamh (dhá chuspóir) = 1 mharc + 1 mharc = 2 mharc
- Bíonn siad ag déileáil le gníomhaíochtaí daonnúla agus tarrthála (dhá chuspóir) = 1 mharc + 1 mharc = 2 mharc
- Oibríonn siad i gceantair ina bhfuiltear ag iarraidh dul i ngleic leis an dí-armáil = 1 mharc

**(ii)** Cén sprioc a bheidh ag rialtas na hÉireann agus suíochán acu ar Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, dar le Leo Varadkar? (Alt 3)

**{2 mharc}**

- An taithí atá againn ar an gcoimhlint a réiteach ar an oileán seo a roinnt le comhaltaí eile chun an tsíocháin a chur chun cinn agus chun cearta daonna a chosaint = 2 mharc
- An taithí atá againn ar an gcoimhlint a réiteach ar an oileán seo a roinnt le comhaltaí eile chun an tsíocháin a chur chun cinn = 2 mharc
- An taithí atá againn ar an gcoimhlint a réiteach ar an oileán seo a roinnt le comhaltaí eile chun cearta daonna a chosaint = 2 mharc

**4. (a)** Cén fáth ar scríobh David Attenborough an leabhar *A Life on Our Planet*? (Alt 4)

**{3 mharc}**

- Chun cuntas pearsanta a thabhairt ar an damáiste atá á dhéanamh don bhithéagsúlacht (ar an bpláinéad) = 3 mharc

**(b) (i)** Cad a deir David Attenborough faoi éin farraige an domhain? (Alt 4) **{2 mharc}**

- Tá blúirí plaisteacha ina mbolg ag níos mó ná 90% d'éin farraige an domhain = 2 mharc

**(ii)** Scríobh síos **dhá** chúis a bhfuil gá le toil na rialtas agus na bpobal uile ar fud an domhain, dar le David Attenborough. (Alt 4)

(**Dhá** chúis) **{2 mharc = 1 mharc + 1 mharc}**

- Chun ár dtionchar ar an bpláinéad a bhainistiú = 1 mharc
- Chun cúiteamh a dhéanamh sa damáiste atá déanta = 1 mharc
- Chun forbairt inbhuanaithe a dhéanamh as seo amach = 1 mharc

**5. (a)** Cén stádas a bheidh ag an nGaeilge san Aontas Eorpach faoin mbliain 2022? (Alt 5)

**{3 mharc}**

- Beidh stádas iomlán aici mar theanga oifigiúil agus oibre de chuid an Aontais Eorpaigh = 3 mharc
- Beidh stádas iomlán aici = 3 mharc

**(b) (i)** Cén fáth ar eagraíodh seimineáir agus ceardlanna ar líne i rith 2020? (Alt 5)

**{2 mharc}**

- Chun eolas a scaipeadh faoi na deiseanna fostaíochta le Gaeilge san Aontas Eorpach = 2 mharc

**(ii)** Luaigh **dhá** chúis a gcuirtear an comórtas *Aistritheoirí Óga* ar siúl. (Alt 5)

(**Dhá** chúis) **{2 mharc: 1 mharc + 1 mharc}**

- Chun ardchaighdeán Gaeilge a chur chun cinn i measc scoláirí meánscoile = 1 mharc
- Chun suim daoine óga a mhúscailt i ngairmeacha le Gaeilge = 1 mharc

**6. (a)** Aimsigh sampla den bhriathar saor san Aimsir Fháistineach in Alt 2 **agus** sampla d'ainmfhocal firinscneach sa tuiseal ginideach uatha in Alt 3.

**{3 mharc: 2 mharc + 1 mharc}**

Tá **trí** mharc ag gabháil leis an gceist seo: tabharfar **dhá** mharc ar an gcéad mhír ghramadaí atá ceart agus marc **amháin** ar an gceann eile.

Sampla den bhriathar saor san Aimsir Fháistineach in Alt 2: go gcuirfear, gcuirfear, cuirfear, go mbeifear, mbeifear, beifear
Sampla d'ainmfhocal firinscneach sa tuiseal ginideach uatha in Alt 3: (mí an) Mheithimh, (ar fud an) domhain, (Meiriceá) Láir, (a chur chun) cinn, (misin) c(h)oimeádta (síochána)

**(b)** Conas a chuaigh an sliocht seo i bhfeidhm ort? Tabhair **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, as an sliocht, mar thacaíocht le do fhreagra. (Is leor **60** focal.)

Conas a chuaigh an sliocht seo i bhfeidhm ort? C (2) = **2** mharc
Pointe eolais **1** = Plé ar an bpointe le tagairt chruinn as an sliocht mar thacú leis = **5** mharc
Pointe eolais **2** = Plé ar an bpointe le tagairt chruinn as an sliocht mar thacú leis = **5** mharc

**Treoir:**

Tá 'bunaithe ar an eolas sa sliocht' agus 'i d'fhocail féin' luaite sa cheist seo. Dá bharr sin, ní mór do na hiarrthóirí an cheist a fhreagairt ina gcuid focal féin agus ní thabharfar creidiúint ar bith d'eolas nach bhfuil sa sliocht.
(Ní mór Ceist 6 (b) a fhreagairt i d'fhocail féin = an treoir ar leathanach 3 den scrúdpháipéar)
Cuir lúibíní cearnacha thart ar abairtí sa fhreagra a thógtar díreach as an sliocht.

**Samplaí**

- Chuaigh ábhar an tsleachta i bhfeidhm orm…ábhair shuimiúla…bhí sé mar aidhm ag an údar cur síos cuimsitheach a thabhairt dúinn ar imeachtaí a chuaigh i bhfeidhm air/uirthi in 2020…
- Bhí suim agam i dtuairiscí nuachta an Bhreatimeachta…Luadh na hiarrachtaí go léir a rinne na hionadaithe/toscairí ón Aontas Eorpach agus ón mBreatain teacht ar réiteach ar cheist an Bhreatimeachta…
- Chuir marú George Floyd fearg orm…theastaigh ón údar an éagóir a bhain le marú uafásach George Floyd i Meiriceá a chur os ár gcomhair…
- Tá suim agam i gcúrsaí polaitíochta i Meiriceá…bua Joe Biden agus Kamala Harris…tá Kamala Harris ar an gcéad bhean den chine gorm atá ina Leas-Uachtarán ar Mheiriceá; chuir an scéal sin áthas orm…

- Tugtar eolas dom faoi fhadhbanna na tithíochta agus na heaspa dídine sa tír seo…daoine gan dídean ina gcónaí i lóistín sealadach in Éirinn…
- Tá spéis mhór agam i gcúrsaí reatha agus sa tsíocháin idirnáisiúnta…tugtar eolas dúinn go raibh suíochán faighte ag an tír seo ar Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe…tá an tír seo ag cabhrú le coimhlintí agus le cogaí a stopadh ar fud an domhain ón mbliain 1958…
- Táim go mór faoi gheasa ag éachtaí David Attenborough ar son an phláinéid…cosaint na bithéagsúlachta agus an dúlra…
- Tá suim mhór agam i gcúrsaí a bhaineann le Gaeilge san Aontas Eorpach…beidh aitheantas iomlán ag an nGaeilge mar theanga oifigiúil agus oibre san AE faoin mbliain 2022…luadh na seansanna atá agus a bheidh ag daoine poist a fháil san Aontas Eorpach amach anseo… luaitear an comórtas *Aistritheoirí Óga* freisin a bhfuil sé mar aidhm aige Gaeilge a neartú i measc scoláirí dara leibhéal agus spéis daoine óga sa Ghaeilge a chur chun cinn…

**Nóta:** Níl sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí thuasluaite uileghabhálach ná eisiach. Is samplaí de fhreagraí féideartha atá iontu; déanfaidh na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus bronnfar marcanna ar phointí ábhartha eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair de réir a bhfiúntais.

C (2) =
P1 (5) =
P2 (5) =

Ag bun Léamhthuiscint B, léirigh na marcanna mar seo:

**C 1(B) (50) =**

## Ceist 2 PRÓS (30 marc)

**– PRÓS AINMNITHE nó PRÓS ROGHNACH – (30 marc)**

**Nóta:** I gcás na gceisteanna 2 (Prós), 3 (Filíocht), agus 4 (Litríocht Bhreise) beidh 5 mharc le bronnadh i ngach cás ar chaighdeán na Gaeilge. Sa Phrós mar sin 25 ar Eolas agus 5 ar Ghaeilge; san Fhilíocht 25 ar Eolas agus 5 ar Ghaeilge; sa Litríocht Bhreise 35 ar Eolas agus 5 ar Ghaeilge.

**Nóta:** Níl na nótaí tacaíochta seo uileghabhálach ná críochnúil agus bronnfar marcanna ar phointí ábhartha eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair de réir a bhfiúntais. Ní freagraí eiseamláireacha iad ach, ina ionad sin, sampla de fhreagraí féideartha atá iontu.

Freagair Ceist 2A (Prós Ainmnithe) ***nó*** Ceist 2B (Prós Roghnach).

| **Catagóir** | **Eolas** | **(25 marc)** | **Gaeilge** | **(5 mharc)** |
|---|---|---|---|---|
| **Sármhaith** | Plé an-chuimsitheach ar an ráiteas<br>Tuiscint an-shoiléir léirithe sna pointí eolais<br>Tagairtí sármhaithe, sárthéagartha don téacs<br>Smaointe forbartha go sármhaith | 22-25 | Sárchumas maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 5 |
| **An-mhaith** | Plé cuimsitheach ar an ráiteas<br>Tuiscint shoiléir léirithe sna pointí eolais<br>Tagairtí an-téagartha don téacs<br>Smaointe forbartha go han-mhaith | 18-21 | Cumas an-mhaith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 4 |
| **Maith** | Achoimre ar imeachtaí an téacs<br>Insint lom ar phríomhghnéithe an téacs sna pointí eolais | 14-17 | Cumas maith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 3 |
| **Measartha** | Iarracht ar achoimre<br>Eolas bearnach nó míchruinn nó lochtach | 10-13 | Cumas measartha maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht). | 2 |
| **Lag/ An-lag** | Eolas an-bhearnach, an-mhíchruinn agus an-lochtach | 0-9 | Cumas lag/an-lag maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 1 |

**2A. Prós Ainmnithe**

Freagair do rogha ceann **amháin** de (a) **nó** (b) thíos.

**(a) Oisín i dTír na nÓg** **Eolas = 25 marc**

'Is é grá Oisín do Niamh Chinn Óir agus a dhílseacht dá athair, Fionn, agus do na Fianna, is cúis lena chruachás sa scéal béaloidis *Oisín i dTír na nÓg.'*
Déan plé ar an ráiteas sin.

**Nótaí tacaíochta**

- Laoch grámhar cróga tuisceanach ba ea Oisín nár dhiúltaigh do na geasa a chuir Niamh air…
- Chuala Niamh Chinn Óir faoina cháil agus faoina dhathúlacht agus tháinig sí ar chapall bán le coróin ar a ceann, brat álainn síoda uirthi go Loch Léin ó Thír na nÓg chun Oisín a chur faoi gheasa imeacht léi agus í a phósadh…ghéill sé di…grá aige di…
- Is duine dílis é agus bhí sé ag gol nuair a bhí sé ag imeacht óna athair agus óna chairde sna Fianna ach bhí a fhios aige go raibh dualgas air na geasa a chomhlíonadh agus imeacht le Niamh go Tír na nÓg…Oisín uaigneach ag fágáil a athar agus a chairde…
- Bhí saol breá sona aoibhinn aige le Niamh i dTír na nÓg…bhí beirt mhac agus iníon amháin acu…bhí Oisín dílis dá bhean agus dá bpáistí agus chaith sé blianta sona leo i dTír na nÓg…grá aige dóibh…
- Bhraith sé uaidh Fionn agus na Fianna agus theastaigh uaidh cuairt a thabhairt ar Éirinn chun iad a fheiceáil…chuir Niamh comhairle air…dúirt sí leis gan seasamh ar thalamh na hÉireann agus dúirt sí leis nach bhfeicfeadh sé Fionn agus na Fianna…ní raibh sé sásta éisteacht léi agus d'imigh sé leis ar an gcapall bán…
- Ba dhuine deas tuisceanach é le meas aige ar a mhuintir agus ar a threibh nuair a d'fhill sé ar Almhain Laighean, áit chónaithe Fhinn ach ní raibh ach fiailí agus neantóga ag fás ann…thuig sé go raibh Fionn agus na Fianna go léir marbh…'Is mé Oisín i ndiaidh na Féinne,' a dúirt sé le Naomh Pádraig nuair a bhuail sé leis…
- Feicimid críoch thruamhéalach agus fhíorbhrónach ag deireadh an scéil nuair a thit sé den chapall ar thalamh na hÉireann…seanfhear dall leochaileach ba ea é gan aon neart ann…ní bheidh sé in ann filleadh ar Thír na nÓg anois…é fágtha in Éirinn agus gan aithne aige ar aon duine…é croíbhriste…
- Thug Naomh Pádraig cabhair agus aire dó ag deireadh a shaoil…uaigneas an domhain ar Oisín ach ní dhearna sé dearmad ar na Fianna…ba mhaith leis cuairt a thabhairt ar gach baile ina mbíodh na Fianna…

**Nóta:** Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc as 25 (Eolas) **agus** as 5 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir sa fhreagarleabhar.

Eolas (25) =

Gaeilge (5) =

C2A (a) (30) =

**nó**

**(b) Dís** **Eolas = 25 marc**

'Tugtar léiriú dúinn ar shaol bhean Sheáin agus ar an tionchar a bhí ag cuairt bhean an tsuirbhé uirthi sa ghearrrscéal *Dís*.'
Déan plé ar an ráiteas sin.

**Nótaí tacaíochta**

- An lánúin cois tine agus an leanbh ina chodladh sa phram…
- Easpa measa léirithe ag Seán…bhí sé ag léamh an nuachtáin agus ní raibh suim dá laghad aige éisteacht lena bhean ná labhairt léi…
- 'Cuir síos an páipéar agus bí ag caint liom,' arsa an bhean…bhí frustrachas uirthi…
- Bhí sé sásta go raibh an bhean sa bhaile ag tabhairt aire don leanbh agus ag obair sa teach…
- Mhínigh an bhean go raibh an ceathrú cuid de mhná pósta míshona, míshásta…ba léir nach raibh sí sásta lena ról sa teach…
- Ní raibh Seán sásta nuair a dúirt an bhean leis gur ghlac sí páirt sa suirbhé agus gur thug sí le fios do bhean an tsuirbhé go raibh sí míshásta sa saol…
- Bhí teannas idir Seán agus a bhean…bhí Seán míshásta toisc gur thug a bhean eolas pearsanta do bhean an tsuirbhé…bhí easpa saoirse ag cur isteach ar an mbean…
- Chuir bean an tsuirbhé an bhean ag smaoineamh ar an easpa saoirse a bhí ag cur isteach uirthi sa saol agus easpa saoirse na mban sa tsochaí i gcoitinne…
- Slí éalaithe ó leadrán an tsaoil a bhí i gceist le cuairt bhean an tsuirbhé…
- Theastaigh ón mbean seo post a fháil toisc go raibh sí míshona…cheap sí go raibh sí mar sclábhaí sa teach seo…chuir bean an tsuirbhé í ag machnamh…
- Ba mhaith léi post a fháil agus í ag déanamh ionadaíochta do bhean an tsuirbhé agus í imithe ar shaoire mháithreachais…thabharfadh sí an leanbh timpeall léi…bhí Seán ar buile leis an smaoineamh seo agus thug sé 'tincéireacht' ar an bpost seo…éadóchas ar an mbean toisc an easpa tacaíochta óna fear agus an easpa saoirse ina saol…bhí sí bréan den saol sa teach…
- Thit an lug ar an lag uirthi nuair a fuair sí amach go raibh bean an tsuirbhé ag insint bréag di agus nach raibh aon phost ar fáil…
- Mhothaigh sí nach raibh aon tábhacht ag baint léi sa chaidreamh pósta seo…
- Luaigh sí na Sínigh agus na hIndiaigh agus na mná á ndó nuair a fhaigheann na fir chéile bás…d'úsáid sí na tagairtí seo chun a chur in iúl nach bhfuil seasamh nó stádas ar bith ag mná seachas a bheith ag tabhairt aire do leanaí agus do na fir agus a bheith ag obair sa teach an t-am ar fad…
- Léiríodh an teannas agus an easpa measa arís ag deireadh an ghearrscéil nuair nach raibh sé sásta éisteacht léi fiú, thit sé ina chodladh agus í ag caint leis…
- Cé gur thug bean an tsuirbhé dóchas don bhean, níor athraigh aon rud…ba chuma le Seán agus ní raibh suim dá laghad aige éisteacht lena bhean chéile…

**Nóta:** Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc as 25 (Eolas) **agus** as 5 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir sa fhreagarleabhar.

Eolas (25) =

Gaeilge (5) =

C2A (b) (30) =

**2B. Prós Roghnach**

Freagair do rogha ceann **amháin** de (a) **nó** (b) thíos.

**Níl cead aon ábhar a bhaineann le Prós Ainmnithe a úsáid i bhfreagra ar an bPrós Roghnach.**

**(a)** Maidir le **scéal béaloidis roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos an **dá** thréith is mó a bhaineann leis an bpríomhcharachtar (leis an bpríomhphearsa) sa scéal béaloidis sin. Déan plé ar an léargas a thugtar dúinn ar an **dá** thréith sin ó thús deireadh an scéil bhéaloidis sin. **Eolas = 25 marc**

*Ní mór teideal an scéil bhéaloidis sin a scríobh síos go cruinn.*

**Treoir: Dhá** thréith de chuid an phríomhcharachtair (na príomhphearsan) a lua agus léargas a thabhairt ar an **dá** thréith sin in imeachtaí an scéil agus sa chaidreamh leis na carachtair (na pearsana) eile sa scéal.

Tréith **1** = 13 mharc

Tréith **2** = 12 mharc

| Catagóir | 13 mharc | 12 mharc |
|---|---|---|
| Sármhaith | 12-13 | 11-12 |
| An-mhaith | 10-11 | 9-10 |
| Maith | 8-9 | 7-8 |
| Measartha | 6-7 | 5-6 |
| Lag/An-lag | 0-5 | 0-4 |

**Nóta:** Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc as 25 (Eolas) **agus** as 5 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir sa fhreagarleabhar.

Eolas (25) =

Gaeilge (5) =

C2B (a) (30) =

| Gaeilge | (5 mharc) |
|---|---|
| Sárchumas maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 5 |
| Cumas an-mhaith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 4 |
| Cumas maith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 3 |
| Cumas measartha maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 2 |
| Cumas lag/an-lag maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 1 |

**nó**

**(b)** Maidir le **gearrscéal roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos príomhthéama an ghearrscéil sin. Déan plé ar an bhforbairt a dhéantar ar an bpríomhthéama sin ó thús deireadh an ghearrscéil. **Eolas = 25 marc**

*Ní mór teideal an ghearrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.*

**Treoir:** An príomhthéama a ainmniú agus plé cuimsitheach a dhéanamh air

An príomhthéama = 2 mharc

An plé ar fhorbairt an phríomhthéama sin = 23 marc

| **Catagóir** | **An plé** | **(23 marc)** |
|---|---|---|
| **Sármhaith** | Plé an-chuimsitheach ar fhorbairt an phríomhthéama<br>Tuiscint an-shoiléir léirithe sna pointí eolais<br>Tagairtí sármhaithe, sárthéagartha don scéal | 21-23 |
| **An-mhaith** | Plé cuimsitheach ar fhorbairt an phríomhthéama<br>Tuiscint shoiléir léirithe sna pointí eolais<br>Tagairtí an-téagartha don scéal | 18-20 |
| **Maith** | Achoimre ar imeachtaí an scéil<br>Insint lom sna pointí eolais | 14-17 |
| **Measartha** | Iarracht ar achoimre<br>Eolas bearnach nó míchruinn nó lochtach | 10-13 |
| **Lag/ An-lag** | Eolas an-bhearnach, an-mhíchruinn agus an-lochtach | 0-9 |

**Nóta:** Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc as 25 (Eolas) agus as 5 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir sa fhreagarleabhar.

Eolas (25) =

Gaeilge (5) =

C2B (b) (30) =

| **Gaeilge** | **(5 mharc)** |
|---|---|
| Sárchumas maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 5 |
| Cumas an-mhaith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 4 |
| Cumas maith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 3 |
| Cumas measartha maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 2 |
| Cumas lag/an-lag maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 1 |

## Ceist 3 FILÍOCHT (30 marc)

**– FILÍOCHT AINMNITHE nó FILÍOCHT ROGHNACH – (30 marc)**

Freagair Ceist 3A (Filíocht Ainmnithe) ***nó*** Ceist 3B (Filíocht Roghnach).
**Nóta:** Níl na nótaí tacaíochta seo uileghabhálach ná críochnúil agus bronnfar marcanna ar phointí ábhartha eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair de réir a bhfiúntais. Ní freagraí eiseamláireacha iad ach, ina ionad sin, sampla de fhreagraí féideartha atá iontu.

**3A. Filíocht Ainmnithe**

Freagair do rogha ceann **amháin** de (a) **nó** (b) thíos.

**(a) Géibheann**

(i) 'Sa dán *Géibheann*, is trí shúile an ainmhí féin a fhaighimid léargas ar an gcodarsnacht idir an cineál saoil a bhí aige tráth agus an cineál saoil atá aige anois.' É sin a phlé.

**Eolas = 13 mharc**

| Catagóir | An plé (13 mharc) | Marcanna |
|---|---|---|
| Sármhaith | Plé sármhaith ar an gcodarsnacht a bhí idir an cineál saoil a bhí aige tráth agus an cineál saoil atá aige anois mar aon le tagairtí cruinne, ábhartha don dán | 12-13 |
| An-mhaith | Plé an-mhaith ar an gcodarsnacht a bhí idir an cineál saoil a bhí aige tráth agus an cineál saoil atá aige anois mar aon le tagairtí cruinne, ábhartha don dán | 10-11 |
| Maith | Plé maith ar an gcodarsnacht a bhí idir an cineál saoil a bhí aige tráth agus an cineál saoil atá aige anois mar aon le tagairtí cruinne, ábhartha don dán | 8-9 |
| Measartha | Eolas bearnach nó míchruinn nó lochtach | 6-7 |
| Lag/An-lag | Eolas an-bhearnach, an-mhíchruinn agus an-lochtach | 0-5 |

**Pointí eolais féideartha**
Sa dán seo, tá cur síos ar an dá chineál saoil éagsúla a bhí ag an ainmhí: saol an ainmhí ina ghnáthóg nádúrtha agus saol an ainmhí i ngéibheann/mar phríosúnach sa zú...cuimhníonn sé ar an am nuair a bhí sé saor, cumhachtach agus fiáin…é i gceannas ar a ríocht…an saol ar a thoil aige…ainmhí bródúil, uasal ba ea é…bhí sé i gceannas ar a shaol féin…sna trópaicí, scanraigh sé na hainmhithe eile nuair a lig sé béic as in ard a chinn…bhí sé ar a shuaimhneas ina ghnáthóg dhúchais…é ina rí ar na teochreasa …saol breá an ainmhí agus é ag feidhmiú de réir a nádúir féin san fhiántas…neartmhar/cumhachtach …uaibhreach/bródúil…dínit ag baint lena shaol…an tsaoirse aige ina ghnáthóg nádúrtha…dóchas agus ardú meanman an ainmhí…é sona sásta, mórtasach nuair a bhí spás fairsing aige…
Cruachás an ainmhí anois…tá sé tógtha as a thimpeallacht nádúrtha…frustrachas agus éadóchas ag baint lena shaol…é teanntaithe i dtimpeallacht mhínádúrtha taobh thiar de na barraí iarainn sa chás sa zú…é faoi ghlas anois…easpa cumhachta ag cur as dó…tá sé ag brath ar dhaoine eile…é cloíte…tá a spiorad briste ag daoine atá níos cumhachtaí ná é féin anois…níl sé i gceannas ar a shaol féin… déanann an easpa saoirse dochar do spiorad an ainmhí…níl fuinneamh ina chorp anois…é in ísle brí…glacann sé lena chinniúint…tuirse/éadóchas/féintrua…é i ndeireadh na feide…

(ii) An teideal oiriúnach ar an dán é *Géibheann*, dar leat? **Eolas = 5 mharc**
(Is leor pointe **amháin** eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.)

Tuairim a nochtadh = **1** mharc
Pointe **amháin** eolais = **4** mharc

| Catagóir | Marc as 4 |
|---|---|
| Sármhaith | 4 |
| An-mhaith | 3 |
| Maith | 2 |
| Measartha | 1 |
| Lag/An-lag | 0 |

**Pointí eolais féideartha**
Seasann an teideal *Géibheann* d'easpa saoirse…daoirse...saol teanntaithe…cúinge an zú mar chúlra aige anois…é fiáin ach buann an easpa saoirse ar an tsaoirse/ar an neamhspleáchas….é briste, srianta tuirseach ag féachaint ar an gcrann aonraic…aithníonn sé go bhfuil buaite air…ní ligfidh fiú na cuairteoirí amach é…ní thiocfaidh fiú na cuairteoirí i gcabhair air…santaíonn sé saol na saoirse arís ach, ar deireadh, tá a dhóchas tráite…tiontaíodh a shaol bunoscionn…níl aon réiteach aige ar a chruachás…

(iii) Cé a chum an dán seo? Scríobh nóta gairid ar shaol **agus** ar shaothar an fhile sin. **Eolas = 7 marc**

Ainm an fhile = **1** mharc
Saol agus saothar an fhile sin = **6** mharc
**Trí** phointe eolais ag teastáil anseo: **2** mharc an ceann ar na trí phointe eolais
(**Dhá** cheann ar shaol agus **ceann** ar shaothar an fhile **nó dhá** cheann ar shaothar agus **ceann** ar shaol an fhile)
**Nóta:** Má bhíonn ainm an fhile mícheart, bronn 0 ar an mír ar fad.

Ainm an fhile = Caitlín Maude = **1** mharc
**Saol**
- Rugadh Caitlín i Ros Muc/i gCasla/i gConamara, Contae na Gaillimhe i 1941…
- Scríobh sí dánta agus í sa mheánscoil…bhí féith na filíochta inti agus í óg…
- Bhain sí céim BA amach ó Choláiste na hOllscoile, Gaillimh…
- Chaith sí tréimhse ag obair i Sasana…
- Bhí sí ina múinteoir, ina haisteoir, ina drámadóir, ina scríbhneoir agus ina file…
- Bhíodh sí ag aisteoireacht i dTaibhdhearc na Gaillimhe, i gColáiste na hOllscoile, Gaillimh agus in Amharclann an Damer, Baile Átha Cliath…
- Bhí suim ag Caitlín cearta a fháil do Ghaeilgeoirí sa Ghaeltacht agus bhí sí bainteach leis an eagraíocht 'Coiste Cearta Sibhialta na Gaeltachta'…
- Bhí páirt Mháire Uí Chathasaigh aici sa chéad léiriú den dráma An Triail i 1964…
- Amhránaí ar an sean-nós ba ea í, mar shampla í ag canadh Aisling Gheal…
- Fuair Caitlín bás i 1982…

**Saothar**
- Dánta (1984), Drámaíocht agus Prós (1988), Caitlín Maude: Dánta, drámaíocht agus prós (2005)…
- Scríobh sí an dráma 'An Lasair Choille' le Micheál Ó hAirtnéide i 1962…
- Caitlín (1975) – amhráin agus filíocht…

**Nóta:** Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc as 25 (Eolas) **agus** as 5 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir sa fhreagarleabhar.

Eolas (25) =

Gaeilge (5) =

C3A (a) (30) =

| **Gaeilge** | **(5 mharc)** |
|---|---|
| Sárchumas maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 5 |
| Cumas an-mhaith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 4 |
| Cumas maith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 3 |
| Cumas measartha maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 2 |
| Cumas lag/an-lag maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 1 |

**(b) An Spailpín Fánach**

(i) 'Sa dán *An Spailpín Fánach*, tugann an spailpín cuntas pearsanta dúinn ar a shaol in Éirinn na linne sin.' É sin a phlé.

**Eolas = 13 mharc**

**Treoir:** Ní mór don iarrthóir plé a dhéanamh ar an gcineál saoil a bhí ag an spailpín agus tagairtí cruinne do théacs an dáin a úsáid sa fhreagra.

| **Catagóir** | **Plé (13 mharc)** | **Marcanna** |
|---|---|---|
| Sármhaith | Plé sármhaith le tagairtí cruinne, ábhartha agus téagartha don dán | 12-13 |
| An-mhaith | Plé an-mhaith le tagairtí cruinne, ábhartha agus téagartha don dán | 10-11 |
| Maith | Plé maith le tagairtí cruinne, ábhartha agu téagartha don dán | 8-9 |
| Measartha | Eolas bearnach nó míchruinn nó lochtach | 6-7 |
| Lag/An-lag | Eolas an-bhearnach, an-mhíchruinn agus an-lochtach | 0-5 |

**Pointí eolais féideartha**

An saol crua sclábhúil a bhí ag an spailpín fánach in Éirinn na linne sin…cúrsaí polaitíochta na tíre nuair a bhí na Sasanaigh i gcumhacht sa tír…caitheadh go dona leis na hÉireannaigh agus bhí smacht ag na Sasanaigh ar na hÉireannaigh…bhí na Péindlíthe i bhfeidhm sa tír…bhí an spailpín ag brath ar a shláinte…ag éirí go luath ar maidin…ag siúl ar an bhféar tais ag tolgadh galair…chuireadh sé as don spailpín nuair a ghlaodh daoine an 'spailpín fánach' air…gan aon mheas ag daoine air toisc go raibh sé

bocht dearóil agus ag sclábhaíocht ar na feirmeacha…é ag dul ó bhaile go baile ag lorg oibre… ag taisteal go Cluain gheal Meala, go Tiobraid Árann, go Carraig na Siúire, go Callainn agus go Durlas… an obair ag cur isteach ar a shláinte…é náirithe ag 'margadh na saoire'…é ina shuí ar thaobh na sráide…fuath aige do na feirmeoirí aineolacha ag teacht ar muin capaill chun é a fhostú…saol dian dúshlánach aige…

(ii) Cén mothúchán is mó a mhúsclaíonn an dán seo ionat féin?
(Is leor pointe **amháin** eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.)

**Eolas = 5 mharc**

Mothúchán a ainmniú = **1** mharc
Pointe **amháin** eolais = **4** mharc

| Catagóir | Marc as 4 |
|---|---|
| Sármhaith | 4 |
| An-mhaith | 3 |
| Maith | 2 |
| Measartha | 1 |
| Lag/An-lag | 0 |

**Pointí eolais féideartha**
Músclaíonn an dán seo trua/fearg ionam toisc go raibh na spailpíní ag fulaingt go géar ag an am sin in Éirinn…bhí saol crua sclábhúil ag na spailpíní ag siúl ó áit go háit ag lorg oibre agus iad ag brath ar a sláinte….feicim go raibh saol ainnis ag na spailpíní Éireannacha agus an lámh in uachtar ar fad ag na Sasanaigh…níor thaitin an deighilt seo liom in aon chor…ní raibh meas madra ar na spailpíní agus chuir an easpa measa seo isteach go mór orm…

(iii) Cén mheadaracht atá sa dán seo? Scríobh pointe **amháin** eolais faoin meadaracht seo agus léirigh do fhreagra le sampla cruinn ón dán.

**Eolas = 7 marc**

An mheadaracht a ainmniú = **2** mharc
An mheadaracht: amhrán **nó** bunaithe ar mheadaracht an amhráin **nó** meadaracht/véarsaíocht aiceanta **nó** ré-aithris ar Ochtfhoclach
Pointe **amháin** eolais = **3** mharc
Rím…comhardadh deiridh…líon áirithe béimeanna (trí bhéim nó ceithre bhéim sna línte éagsúla)…uaim…
Sampla cruinn = **2** mharc
**Nóta:** Ainm na meadarachta mícheart **nó** gan aon mheadaracht ainmnithe, bronn 0 ar an bhfreagra.
Sampla cruinn gan aon phointe eolais leis, bronn 0 ar an sampla.

**Nóta:** Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc as 25 (Eolas) **agus** as 5 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir sa fhreagarleabhar.

Eolas (25) =

Gaeilge (5) =

C3A (b) (30) =

| Gaeilge | (5 mharc) |
|---|---|
| Sárchumas maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 5 |
| Cumas an-mhaith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 4 |
| Cumas maith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 3 |
| Cumas measartha maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 2 |
| Cumas lag/an-lag maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 1 |

**3B. Filíocht Roghnach**

Freagair do rogha ceann **amháin** de (a) **nó** (b) thíos.
**Níl cead aon ábhar a bhaineann le Filíocht Ainmnithe a úsáid i bhfreagra ar an bhFilíocht Roghnach.**

**(a)**

(i) Maidir le **dán nua-aimseartha roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos príomhthéama an dáin. Déan plé ar an bhforbairt a dhéantar ar an bpríomhthéama sin ó thús deireadh an dáin. **Eolas = 13 mharc**

Príomhthéama = **2** mharc
Plé ar an bhforbairt a dhéantar ar an bpríomhthéama sin ó thús deireadh an dáin = **11** mharc

| Catagóir | Plé (11 mharc) | Marcanna |
|---|---|---|
| Sármhaith | Plé sármhaith le tagairtí cruinne, ábhartha agus téagartha don dán | 10-11 |
| An-mhaith | Plé an-mhaith le tagairtí cruinne, ábhartha agus téagartha don dán | 8-9 |
| Maith | Plé maith le tagairtí cruinne, ábhartha agus téagartha don dán | 6-7 |
| Measartha | Eolas bearnach nó míchruinn nó lochtach | 4-5 |
| Lag/An-lag | Eolas an-bhearnach, an-mhíchruinn agus an-lochtach | 0-3 |

(ii) An bhfuil teideal an dáin oiriúnach do phríomhthéama an dáin, dar leat?
(Is leor pointe **amháin** eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.) **Eolas = 5 mharc**

Tuairim = **1** mharc
Pointe **amháin** eolais = **4** mharc
**Mar phointe eolais**, ní mór don iarrthóir míniú a thabhairt ar an tuairim sin i gcomhthéacs an dáin agus tagairtí a úsáid do línte cuí an dáin.

| Catagóir | Marc as 4 |
|---|---|
| Sármhaith | 4 |
| An-mhaith | 3 |
| Maith | 2 |
| Measartha | 1 |
| Lag/An-lag | 0 |

(iii) Cé a chum an dán seo? Scríobh nóta gairid ar shaol **agus** ar shaothar an fhile sin. **Eolas = 7 marc**

Ainm an fhile = **1** mharc
Saol agus saothar an fhile sin = **6** mharc
**Trí** phointe eolais ag teastáil anseo: **2** mharc an ceann ar na **trí** phointe eolais
(**Dhá** cheann ar shaol agus **ceann** ar shaothar an fhile **nó dhá** cheann ar shaothar agus **ceann** ar shaol an fhile)

**Nóta:** Má bhíonn ainm an fhile mícheart, bronn 0 ar an mír ar fad.

**Nóta:** Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc as 25 (Eolas) **agus** as 5 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir sa fhreagarleabhar.

Eolas (25) =

Gaeilge (5) =

C3B (a) (30) =

| **Gaeilge** | **(5 mharc)** |
|---|---|
| Sárchumas maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 5 |
| Cumas an-mhaith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 4 |
| Cumas maith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 3 |
| Cumas measartha maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 2 |
| Cumas lag/an-lag maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 1 |

**(b)**

(i) Maidir le **dán seanaimseartha roghnach** (dán a cumadh sa tréimhse **roimh** 1850) a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos príomhthéama an dáin. Déan plé ar an léiriú a thugtar ar an bpríomhthéama sin ó thús deireadh an dáin. **Eolas = 13 mharc**

Príomhthéama = **2** mharc
Plé ar an léiriú a thugtar ar an bpríomhthéama sin ó thus go deireadh an dáin = **11** mharc

| **Catagóir** | **Plé (11 mharc)** | **Marcanna** |
|---|---|---|
| Sármhaith | Plé sármhaith le tagairtí cruinne, ábhartha agus téagartha don dán | 10-11 |
| An-mhaith | Plé an-mhaith le tagairtí cruinne, ábhartha agus téagartha don dán | 8-9 |
| Maith | Plé maith le tagairtí cruinne, ábhartha agus téagartha don dán | 6-7 |
| Measartha | Eolas bearnach nó míchruinn nó lochtach | 4-5 |
| Lag/An-lag | Eolas an-bhearnach, an-mhíchruinn agus an-lochtach | 0-3 |

(ii) Cén mothúchán is mó a mhúsclaíonn an dán seo ionat féin?
(Is leor pointe **amháin** eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.) **Eolas = 5 mharc**
An mothúchán is mó a mhúsclaíonn an dán ionat féin = **1** mharc
Pointe **amháin** eolais = **4** mharc

| Catagóir | Marc as 4 |
|---|---|
| Sármhaith | 4 |
| An-mhaith | 3 |
| Maith | 2 |
| Measartha | 1 |
| Lag/An-lag | 0 |

(iii) Cén teicníc fhileata is mó a thaitníonn leat sa dán seo?
Scríobh **dhá** phointe eolais faoin teicníc sin sa dán**.** **Eolas = 7 marc**
An teicníc fhileata a lua = **1** mharc
**Dhá** phointe eolais = **6** mharc = **3** mharc + **3** mharc

| Catagóir | Marc as 3 |
|---|---|
| Sármhaith | 3 |
| An-mhaith/Maith | 2 |
| Measartha | 1 |
| Lag/An-lag | 0 |

Ní mór teideal an dáin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn.

**Nóta:** Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc as 25 (Eolas) **agus** as 5 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir sa fhreagarleabhar.

Eolas (25) =

Gaeilge (5) =

C3B (b) (30) =

| Gaeilge | (5 mharc) |
|---|---|
| Sárchumas maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 5 |
| Cumas an-mhaith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 4 |
| Cumas maith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 3 |
| Cumas measartha maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 2 |
| Cumas lag/an-lag maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 1 |

## Ceist 4 LITRÍOCHT BHREISE (40 marc)

Freagair do rogha ceann **amháin** as Ceist 4 (A, B, C, D, E **nó** F) thíos.

**Treoracha:** Iarrtar ar na hiarrthóirí plé a dhéanamh ar an ráiteas agus eolas/tuairimí a léiriú sa fhreagra agus úsáid a bhaint as samplaí cruinne, téagartha ón téacs. Déantar an freagra a mheas mar aonad agus an t-eolas a mharcáil as 35 marc agus an Ghaeilge san iarracht a mheas as 5 mharc. Ní mór don scrúdaitheoir an mionbhriseadh marcanna seo a léiriú sa fhreagarleabhar.

| Catagóir | Eolas (35 marc) | | Gaeilge (5 mharc) | |
|---|---|---|---|---|
| **Sármhaith** | Plé an-chuimsitheach ar an ráiteas<br>Tuiscint an-shoiléir léirithe sna pointí eolais<br>Tagairtí sármhaithe, sárthéagartha don téacs<br>Smaointe forbartha go sármhaith | 30-35 | Sárchumas maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 5 |
| **An-mhaith** | Plé cuimsitheach ar an ráiteas<br>Tuiscint shoiléir léirithe sna pointí eolais<br>Tagairtí an-téagartha don téacs<br>Smaointe forbartha go han-mhaith | 25-29 | Cumas an-mhaith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 4 |
| **Maith** | Achoimre ar imeachtaí an téacs<br>Insint lom ar phríomhghnéithe an téacs sna pointí eolais | 20-24 | Cumas maith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 3 |
| **Measartha** | Iarracht ar achoimre<br>Eolas bearnach nó míchruinn nó lochtach | 14-19 | Cumas measartha maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 2 |
| **Lag/ An-lag** | Eolas an-bhearnach, an-mhíchruinn agus an-lochtach | 0-13 | Cumas lag/an-lag maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 1 |

Eolas (35) =

Gaeilge (5) =

C4 (40) =

**4A. An Triail**

'Sa dráma *An Triail,* tugtar léiriú dúinn ar chás an chailín óig, Máire Ní Chathasaigh, nuair a dhiúltaíonn go leor de na daoine timpeall uirthi cabhair a thabhairt di in am a gátair.'
Déan plé ar an ráiteas sin. **Eolas = 35 marc**

**Treoir:** Plé cuimsitheach a dhéanamh ar chás Mháire agus mar a chaitheann daoine léi in am a gátair

**Nóta:** Duine **amháin** luaite agus pléite, tá an freagra easnamhach. Déan an freagra a mharcáil mar seo a leanas:

Eolas (35-10) (25) =
Gaeilge (5) =

**Nótaí tacaíochta**

- Feictear saol Mháire á mhilleadh nuair a thiteann sí i ngrá leis an máistir scoile, Pádraig Mac Cárthaigh, fear pósta…éiríonn sí torrach…an páiste tabhartha a thabhairt ar altramas… ní ghlacfaí ar chor ar bith leis an leanbh a choimeád…diúltaíonn a muintir agus an máistir scoile di…bíonn uirthi imeacht as an mbaile beag ina bhfuil cónaí uirthi agus dul faoi ainm bréige… tar éis di an teach tearmainn a fhágáil, faigheann sí post i monarcha ag glanadh na leithreas… níl aon rud níos fearr i ndán di…tá drochmheas uirthi anois…tugann Máire aghaidh ar go leor deacrachtaí ach diúltaíonn an tsochaí di arís agus arís eile…tugann a muintir féin droim láimhe di…í imeallaithe ag an tsochaí…an pobal ag diúltú don chailín óg neamhphósta…dearcadh na sochaí i dtaobh a linbh…'leanbh tabhartha'…
- **Bean Uí Chathasaigh**: Duine údarásach, gan aon chaidreamh grámhar aici le Máire...béim mhór aici ar reiligiún agus ar mheas na gcomharsan...faigheann sí deoch nimhe chun an ghin a mharú…diúltaíonn Máire an deoch a ól…'tá tú ceanndána chomh maith le bheith mígheanmnaí,' arsa an mháthair le Máire...lorgaíonn sí ainm an fhir, caithfidh siad pósadh agus dul go Sasana…cuireann sí mallacht ar a hiníon, ag tabhairt 'striapach' uirthi…síleann an mháthair gur thóg sí Máire 'go creidiúnach' agus 'go críostúil'…alltacht uirthi anois – 'í náirithe os comhair na gcomharsan'…'í féin a tharraing an trioblóid uirthi féin'…'ní aon pheaca deireadh a chur le rud neamhghlan - rud a bhí mallaithe ag Dia agus ag duine'...ní thaispeánann Bean Uí Chathasaigh tuiscint nó trócaire do Mháire in am an ghátair…tréigeann sí a hiníon agus níl uaithi ach go n-imeodh Máire as an áit…b'éigean do Mháire imeacht ón teach...Bean Uí Chathasaigh imníoch go mbeadh sí ag tarraingt náire orthu…
- **Seán Ó Cathasaigh**: Sceitheann Seán ar Mháire, ag insint dá mháthair go mbíodh Máire breoite ar maidin…tarraingíonn Máire 'náire shaolta' orthu…'loit sí an saol' orthu…'chiontaigh sí in aghaidh Dé'…'ba chóir a bheith dian uirthi'…níl ag cur imní air ach an náire a tharraingíonn sí air…
- **Liam Ó Cathasaigh**: Ní chuidíonn sé lena dheirfiúr…ba chuma leis gur fhág sé ag an rince í, an áit ar thosaigh a cuid trioblóidí…níor mhian leis go gcuirfí aon phioc den mhilleán air…'ní mise a coimeádaí'…ní raibh a fhios aige cad a tharla ar oíche an rince sa teach scoile…'tá an oíche loite agat orm' a deir sé nuair a fhaigheann siad amach go bhfuil Máire ag súil le páiste…é feargach toisc nach n-éiríonn leis an teach a fhágáil chun cuairt a thabhairt ar a ghrá geal…
- **Pádraig Mac Cárthaigh**: Eisean a fhágann Máire torrach, meallann sé í ag an rince…tagann sé i dtír ar an easpa taithí atá aici ar an saol…tréigeann sé Máire...níl sé ag an ionad coinne agus ní thugann sé cúnamh nó tacaíocht ar bith di…ag deireadh an dráma, tá Pádraig pósta athuair ach tá sé ag tarraingt ar theach an mhí-chlú…aithníonn sé Máire ach níl aird ar bith aige ar a iníon 'ní mian liom í a fheiceáil'…tugann sé 'striapach' ar Mháire agus bailíonn sé leis…níl trua ar bith aige do chás Mháire...
- **Bean Uí Chinsealaigh**: Fostaíonn sí Máire mar chúntóir tís ach scaoileann sí léi nuair a thugann sí faoi deara go bhfuil sí torrach…tá sí sásta cúntóir tís a fhostú gan litreacha molta ach ní ligfeadh sí do chailín óg torrach atá neamhphósta fanacht sa teach...'cad a déarfadh na comharsana?'… 'cad a déarfadh na mná rialta?'...cuireann sí fios ar an oibrí sóisialta chun go ndéanfaidís socrú eile di…níl sí sásta í a choinneáil sa teach mar gheall go mbeadh sí ag tarraingt náire orthu…níl i ndán do Mháire ach dul isteach i dteach tearmainn do mhná torracha neamhphósta…

- **Áine Ní Bhreasail (An tOibrí Sóisialta)**: Creideann sí go láidir gurb é an socrú is fearr ná go rachadh Máire isteach sa teach tearmainn go dtí go saolófaí an leanbh…fanann sí sa teach tearmainn go dtí go saolaítear an leanbh ach fágann sí é nuair a chuirtear iachall uirthi an páiste a thabhairt suas…cuireann sí brú ar Mháire an leanbh a chur ar altramas…cuireann sí rialacha an chórais i bhfeidhm…míníonn sí do Mháire an cineál saoil a bheadh i ndán di dá gcoinneodh sí an leanbh agus í neamhphósta…'ní haon dóichín do chailín óg leanbh tabhartha a bheith aici'…
- **Seáinín an Mhótair**: Tuigeann sé fírinne agus réaltacht an tsaoil…Máire agus a páiste fágtha ar thaobh na sráide gan lóistín…'Cé a deir gur tír chríostaí í seo?'...ag deireadh an dráma sa reilig, faighimid léargas uaidh ar chruachás Mháire…'bhris sí na rialacha. An té a bhriseann rialacha an chluiche cailltear ann é'…
- **An Teach Tearmainn**: Troideann Máire in éadan an chórais ach is beag cabhair a fhaigheann sí seachas ó Mhailí...tuigeann Nábla na constaicí a bheadh roimh mháthair neamhphósta le leanbh tabhartha...
- **Na mná sa teach lóistín**: Na mná diúltach i leith Mháire, an mháthair neamhphósta…'í mór inti féin'…'rómhór dá bróga'…'gan aici ach leanbh tabhartha'…

**4B. A Thig Ná Tit Orm**

'Sa dírbheathaisnéis *A Thig Ná Tit Orm*, tugann Maidhc Dainín cuntas taitneamhach dúinn ar eachtraí a tharla dó féin, agus ina phobal féin, nuair a bhí sé ag fás aníos sa Ghaeltacht.' Déan plé ar an ráiteas sin. **Eolas = 35 marc**

**Treoir:** Ní mór don iarrthóir plé a dhéanamh ar an dá ghné den ráiteas – eachtraí a tharla dó féin agus eachtraí a tharla sa phobal timpeall air.
**Nóta:** Gan ach gné amháin luaite agus pléite, tá an t-eolas easnamhach. Déan measúnú ar fhiúntas an fhreagra dá réir sin.

**Nótaí tacaíochta**

- An chéad Luan de Mheán Fómhair 1947 agus Maidhc ar scoil den chéad uair, a chéad lá ar scoil, an caidreamh lena mháthair agus iad ag ullmhú don scoil, cheap Maidhc go raibh sé ag dul go dtí an siopa…
- An leasainm Siúit óna athair…a chéad troid ar scoil le Tomás ó Chathair Scoilbín, fuair an bheirt acu íde béil agus trí stiall den tslat fuinseoige ón máistreás…
- An pheil mar chaitheamh aimsire agus iad ar scoil…an cur síos ar an gcluiche ar an mbóthar le liathróid bheag rubair…clocha 'ag marcáil na mbáidí'…ní bhíodh aon rialacha ag baint leis an gcluiche peile…ní bhíodh aon réiteoir i bhfeighil an chluiche…
- Cuairt an chigire ar an mbunscoil…Uinseann Ó Grífín…
- Scéal faoi bhean an tincéara ag róstadh rud éigin sa chorcán ar an tine oscailte…caitheadh an scraithín isteach i gcorcán bhean an tincéara…fuair na buachaillí ceithre bhuille de shlat ón máistir…bhí cód i measc na ndaltaí gan sceitheadh go deo ar aon duine…
- An scéal faoin gcat agus faoin bpiscín…an mháistreás ar buile le Pádraig...
- An bhothántaíocht mar chaitheamh aimsire ag an am sin…na scéalta a bhíodh ag Grae…
- Bhí dhá raidió sa pharóiste, ceann i dtigh Mhaidhc agus an ceann eile i dtigh an mhúinteora… lá an *All-Ireland*…daoine bailithe amuigh sa ghairdín ag éisteacht le Mícheál Ó hEithir…
- Scéal faoin mbean agus í ag éisteacht leis an dráma Béarla ar an raidió…ní raibh taithí ag muintir na háite ar an raidió – 'you are near enough now'…

- An iascaireacht…na bradáin…Dainín ag titim isteach san abhainn agus a phíp fós ina dhraid aige…na gardaí ag faire na habhann…daoine ag iascach go mídhleathach…
- Toitíní agus caitheamh tobac, nós a bhíodh ag na buachaillí óga…Maidhc ag éirí breoite…Eddie Hutch…na seifteanna a bhí acu chun airgead na dtoitíní a fháil…ag goid uibheacha nó ag gearradh eireaball na gcapall…
- Ba léir go raibh suim mhór ag Maidhc, ag a dhearthár Páidí agus ag a dtuistí sa cheol…Cox of Kilcock agus an bosca Hohner…na ceoltóirí, Seán Ó Domhnaill agus Seán Coughlan…Dainín ag seinm ar mhileoidean…
- Ní raibh suim ag Maidhc Dainín sna leabhair…bhí fonn air dul ag obair le feirmeoir…
- Chuaigh Maidhc ar Cheardscoil an Daingin…cúrsaí peile sa cheardscoil…Micheál Ó hIarnáin, an múinteoir adhmadóireachta i bhfeighil na foirne…comórtas peile…bhí an bua acu sa chluiche ceannais agus Maidhc Dainín mar chúl báire…
- Cuairt ar thigh Mhaidhcín Fuacht ag am lóin…
- Rásaí na naomhóg le Ceardscoil an Daingin…
- Chaith Maidhc tréimhsí sa samhradh ag obair do na feirmeoirí áitiúla ag gabháil d’fhéar sa ghort…
- Cur síos ar na cúrsaí samhraidh sa Ghaeltacht 1958…cead isteach ag Maidhc go dtí na céilithe móra saor in aisce agus seinm ag na céilithe beaga ar £30 do na trí mhí a bhíodh na cúrsaí ar siúl…an cur síos ar Sheán Mór agus ar eachtra na léine…
- An eachtra faoin dréimire…Eibhlín Ní Shúilleabháin ó chathair Luimnigh agus bean an tí leis an scuab...

## 4C. Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne

‘Tugtar léiriú éifeachtach dúinn ar Fhionn mac Cumhaill mar fhear éadmhar díoltasach sa *Tóraíocht*.’ Déan plé ar an ráiteas sin. **Eolas = 35 marc**

**Treoir:** Plé cuimsitheach ar éad agus ar dhíoltas Fhinn atá ag teastáil le tagairtí téagartha cruinne don téacs…

**Nótaí tacaíochta**

- Nuair a bhí bean ag teastáil ó Fhionn, ní raibh aon leisce air an bhean ab uaisle in Éirinn a lorg…iarratach…
- Nuair a thug Gráinne grá do Dhiarmaid, ‘do ghabh doigh éada agus anbhuana’ é agus níor mhaith sé do Dhiarmaid riamh é cé go ndearna Diarmaid gach dícheall aigne Ghráinne a athrú i bhfabhar Fhinn…Fionn maslaithe…
- Fionn sotalach, bagarthach…bhagair sé ar Chlanna Neamhnainn, lorgairí Fhinn, go gcrochfadh sé iad dá dteipfeadh orthu lorg Dhiarmada a fháil thar an áth…
- Nuair a shroich Fionn Doire Dá Bhaoth, mhóidigh sé nach bhfágfadh Diarmaid an áit go dtí go dtabharfadh sé éiric dó ‘i ngach ní dá ndearna sé’ air…thug Diarmaid trí phóg do Ghráinne i bhfianaise Fhinn…tháinig éad ar Fhionn agus dúirt sé go dtabharfadh Diarmaid a cheann ar son na bpóg sin…
- Leaba an tSearbháin Lochlannaigh…Diarmaid agus Gráinne timpeallaithe ag Fionn agus ag na Fianna…bhí íocaíocht fhial geallta ag Fionn don té a rachadh suas ag iarraidh cheann Dhiarmada…
- Fionn iarratach, díoltasach…nuair a tháinig Clanna Mórna chuige ag iarraidh síochána agus cead dul san Fhiannaíocht, níor thug Fionn a n-achaine dóibh gan ‘corp-éiric’ a éileamh orthu de bhrí gur mharaigh a n-aithreacha athair Fhinn i gCath Chnucha…ceann Dhiarmada nó lán glaice ‘de chaoraibh chaorthainn Dubhrois’ ag teastáil uaidh…

- Mhínigh Diarmaid do Chlanna Mórna cé chomh hiarratach is a bhí Fionn nuair a d'inis sé dóibh faoin éiric a d'iarr Fionn ar Chonán Mac an Léith Luachra an lá a bhí sé ag iarraidh dul san Fhiannaíocht…ceann chruimh Chinn Chéin…
- An fonn díoltais go láidir i gcroí Fhinn fad is a bhí an tóraíocht ar siúl…bás Dhiarmada a bhí á lorg aige…an tsíocháin le hAonghus…amhras ann go ndéanfadh Fionn feall ar Dhiarmaid…
- Fuath Fhinn agus a fhonn díoltais ag méadú an t-am uile…Diarmaid agus Gráinne ag bogadh roimhe…nuair a rinne Diarmaid bean de Ghráinne, an scéal ina phraiseach ceart anois…boladh Dhiarmada ar na caora…cluiche fichille…trí phóg…cabhair ó Aonghus… síocháin…ach mhair éad agus fonn díoltais Fhinn…
- Fealltacht Fhinn nuair a lig sé do Dhiarmaid bás a fháil cé go bhféadfadh sé é a fhuascailt ach deoch uisce a thabhairt dó…croí cadránta do-mhaiteach ann…bhí an díoltas chomh láidir sin ina chroí nár mhaith sé do Dhiarmaid riamh é go bhfuair sé an lámh in uachtar air i gcúrsaí grá…éad agus fonn díoltais ag creimeadh a chroí i gcónaí…

**4D. Gafa**

'Tá saol na máthar, Eithne, ina chíor thuathail, í ag déileáil le handúil a mic, Eoin, agus le heaspa tacaíochta a fir chéile, Breandán sa sliocht as an úrscéal *Gafa*.'
Déan plé ar an ráiteas sin. **Eolas = 35 marc**

**Treoir:** Plé cuimsitheach ar shaol Eithne agus í ag iarraidh dul i ngleic le cruachás a mic gan aon tacaíocht óna fear céile, Breandán.

**Nótaí tacaíochta**

- Aimsíonn Eithne na drugaí faoi leaba Eoin…í buartha, imníoch faoina mac agus faoina bhfuil ar siúl aige…déanann Eithne a croídhícheall ar mhaithe lena mac…í ag iarraidh na deacrachtaí a láimhseáil ina haonar gan aon tacaíocht ó Bhreandán…
- Na giuirléidí (púdar bán, spúnóg bheag airgid, stráicí de pháipéar tinsil, snáthaid…) faoi leaba a mic…baintear siar aisti…í faiteach, amhrasach…
- Déanann sí iarracht Eoin a choimeád ar bhóthar a leasa…'idir chiontacht agus neirbhíseacht i ngleic le chéile' nuair a fheiceann sí Eoin tagtha abhaile go luath…aithníonn Eoin míshuaimhneas éigin i súile a mháthar…ceartaíonn sí é nuair a ghlaonn sé 'Froggy' ar a mhúinteoir Fraincise…ach cur amú ama is ea an ceartú mar laghdaíonn Breandán a húdarás i láthair Eoin…cúlú sa cheangal idir í féin agus Eoin le deireanas toisc praiseach a bheith déanta aige den bhliain scoile atá thart…aimsiú na ngiuirléidí ag déanamh tinnis di…imíonn Eoin gan a dhinnéar a ithe…fonn ar Eithne éalú as a hintinn féin le nach mbeidh uirthi aghaidh a thabhairt ar an bhfírinne…í ina príosún beag féin agus a bhfuil aimsithe aici faoi leaba Eoin aici tráthnóna ag cur scamaill ar a croí…filleann Eoin abhaile go déanach…ligeann Breandán Eithne síos agus é ag taobhú le hEoin…
- An oíche sin, déanann Eithne iarracht labhairt le Breandán faoi na giuirléidí faoi leaba Eoin…tugann Breandán an chluas bhodhar di…a hintinn ciaptha fós ag a bhfaca sí i seomra a mic…é soiléir d'Eithne nach bhfuil aon chiall á déanamh aige as a bhfuil á rá aici…ní theastaíonn uaithi ró-olc a chur air…Eoin tagtha abhaile…labhraíonn Breandán leis agus Eithne ag cúléisteacht leo…admhaíonn Eoin go raibh sé i dteach Chillian Mhic Raghnaill…Eoin cliste…Breandán sásta lena mhíniú…'iad ag éisteacht le ceol ar feadh na hoíche'…imní ar Eithne…scamall an mhíshuaimhnis ag méadú ar chroí Eithne lena bhfuil ar eolas aici faoi Eoin…
- Cúig seachtaine imithe ó tháinig Eithne ar na giuirléidí faoi leaba Eoin agus nárbh fhéidir léi é sin a chur ar a shúile do Bhreandán…aon uair a thosódh sí ar iarracht a dhéanamh cúrsaí Eoin a phlé le Breandán, bheadh seo nó siúd le déanamh aige…'cíoradh intinne' ar siúl aici i gcónaí…

- Mímhacántacht Bhreandáin agus bean eile aige…
- Míshuaimhneas, amhras agus faitíos Eithne ag méadú an t-am ar fad ach an oíche chinniúnach… músclaíonn sí a misneach…déanann sí muinchille gheansaí Eoin a bhrú aníos agus feiceann sí rian na snáthaide i lúb na huillinne air…
- An choinne leis an gcomhairleoir…rian na mífhoighne ar éadan Bhreandáin….comhoibriú idir na páirtithe ag teastáil chun cuidiú leis an andúileach ach diúltaithe glan ag Breandán glacadh leis gur andúileach de chineál ar bith é a mhac féin…Breandán ag cur €150 in aghaidh na seachtaine i gcuntas Eoin sa bhanc…comhthuiscint eatarthu…tréaniarracht á déanamh ag an athair ar Eoin a cheangal chun ciúnais faoina bhfaca sé an oíche úd…Breandán ag cur thodhchaí a mhic i gcontúirt…easpa tacaíochta Bhreandáin agus cuma an bhréagadóra ar an uile fhocal as béal Eoin…
- Eoin agus coinne aige casadh ar chara leis i lár na cathrach…an chistin ina tost agus Eoin bailithe leis…gan aon tacaíocht ag Eithne ó thús na trioblóide seo…easpa spéise ag Breandán i gcás a mhic ach gur mhian leis cur leis an anró…athrú tagtha ar Bhreandán le breis agus dhá bhliain anuas…deireadh leis na nósanna rialta a bhíodh acu…deireadh an chaidrimh eatarthu…tocht an uaignis ar Eithne go minic…
- Breandán…teach Joe Ryan…é gafa i lúbra na mímhacántachta…é mí-ionraic le hEithne…níl Eoin tagtha abhaile…í ag ceapadh go raibh sé i dteach Chilliain…'sin é a cheannaímse leis an aon chéad caoga euro a chuireann tú sa bhanc dom chuile sheachtain'…uafás ar Bhreandán agus a fhios aige go maith gurb é féin, cuid mhaith, is cúis leis an tsáinn ina bhfuil sé'…

**4E. Canary Wharf**

'Sa scéal *Canary Wharf*, bhí Éamonn trína chéile. Níor thuig sé cén bhaint a bhí ag aon rud le chéile. An raibh sé ag dul le báiní?'
Déan plé ar chás Éamoinn agus mar a chuireann caint na beirte, Prendergast agus Warrighe, mearbhall air.

**Eolas = 35 marc**

**Treoir:** Plé cuimsitheach a dhéanamh ar chás Éamoinn agus mar a chuaigh cúrsaí an chruinnithe le Warrighe agus le Prendergast i gcion air…

**Nótaí tacaíochta**

- Cruinniú pearsanta ag teastáil ó Phrendergast agus ó Warrighe le hÉamonn…
- Labhair Prendergast, comhpháirtí an chomhlachta, ag tagairt don 'ráfla seafóideach' a bhí cloiste acu go mbeadh Éamonn ag filleadh abhaile sula i bhfad…ag iarraidh a fháil amach cad as ar shíolraigh an scéal?...é ag iarraidh a dheimhniú nach raibh rian den fhírinne sa scéal…
- Bhraith Éamonn ar nós mionduine agus é ina sheasamh os comhair an fhathaigh seo…ach thuig sé gurbh fhearr leis a bheith dea-mhúinte i gcónaí…
- D'admhaigh Éamonn go raibh fírinne ag baint leis an scéal sin…dreach díomách ar an mbeirt fhear…Éamonn an-sásta a bheith ag obair leo….tuarastal maith á thuilleamh aige ach bhí an scéal ó smacht anois air…bheadh air filleadh ar Éirinn…
- An fhírinne lom….a chailín ag iompar…
- B'éigean dó cruth ceart a chur ar an scéal…Polannach/rinceoir proifisiúnta…níor thit an saol amach i Londain dó mar a shíl sé tráth…ach tar éis oícheanta gan chodladh a thabhairt ag smaoineamh air, tháinig sé ar an gcinneadh ceart Canary Wharf a fhágáil agus é féin a lonnú in Éirinn…scéal Katja…ba mhaith leo an páiste a thógáil i dTiobraid Árann…
- Dúirt Éamonn nach raibh aige i Londain ach an oifig oibre agus gurbh fhéidir go raibh sé tráthúil gur tharla rud mar seo dó nó go bhféadfadh sé a bheith ann go deo…

- Lean Warrighe air ag caint á rá gur lá éigin go mbeidh 'fear misniúil cliste mar thusa ag teastáil uainn mar chomhpháirtí sa ghnólacht seo'…
- Leath a shúile ar Éamonn…tharraing an chaint sin a aird…ansin, tarraingíodh an seans iontach sin dó…'páirtíocht sa chomhlacht a cheannach thar thréimhse chúig bliana déag'…
- Meon Éamoinn: bheadh sé go hiontach…éacht mar sin agus 46 bliain slánaithe aige dá bhfanfadh sé i Londain...bheadh air fanacht i Londain, fanacht sa phost seo, san áras seo agus gan aon ghnáthshaol dá chuid féin a bheith aige ar feadh na tréimhse sin ar fad…ní bheadh aon dul as nuair a thosódh an comhaontú…ní raibh aon deimhniú ann ach oiread go n-éireodh leis…bheadh sé ina phríosúnach acu…
- An bheirt fhear ag stánadh ar Éamonn…iad ag cur muiníne i ndia éigin, dia ar bith, go nglacfadh sé leis an tairiscint…stocbhróicéir den chéad scoth a bhí in Éamonn…ghnóthaigh sé an-bhrabús dóibh…d'iarr sé air roinnt machnaimh a dhéanamh ar an scéal…
- Carn airgid ag Éamonn sa bhanc…ní raibh a dhóthain ama aige chun é a chaitheamh…ach thuig Éamonn nár chóir dó iad a fhreagairt anois mar 'dá bhfreagródh sé anois iad, bheadh fáth éigin eile acu chun é a mhealladh agus ní thiocfadh deireadh leis an díospóireacht go dtí go mbuafaidís'…
- D'admhaigh Éamonn go raibh sé de dhualgas air imeacht…sé mhí le caitheamh aige ansin sula n-imeodh sé…
- D'fhág Éamonn an cruinniú…Éamonn ag machnamh…a shaol caite aige sáite sna margaí agus sna ríomhairí…rud as an nua ba ea duine eile a bhlaiseadh go fisiciúil…Éamonn ag smaoineamh ar Katja agus ar an oíche sin…bhraith sé ciontach as an méid a bhí tarlaithe…bheadh sí ag brath go mór ar ioncam agus ar thacaíocht Éamoinn…
- Baineadh geit as Éamonn Geoff Prendergast agus Nicolas Warrighe a fheiceáil ar an naoú hurlár…mearbhall ar Éamonn…cad a bhí ag tarlú dó in aon chor?…é trína chéile…'an raibh siad chun é a dhíbirt amach as an bhfoirgneamh inniu?'…
- 'Ní leatsa an leanbh sin, a Éamoinn', arsa Prendergast leis…ní raibh a fhios ag Éamonn ar chuala sé é i gceart…mheas Éamonn go raibh 'cleas claon' á imirt acu air…bhí Éamonn trína chéile…mheas sé go raibh sé ag dul le báiní nuair a mhínigh Prendergast dó go raibh 'an piolla frithghiniúna fireann á thógáil' aige 'gach uile lá' ina chupán uisce…níor theastaigh uathu a n-oibrithe maithe a chailleadh de bharr aon saghas míchaoithiúlachta mar sin…cén fáth a ligfidís do pháistí teacht sa bhealach ar a slite beatha iontacha?...
- Ní rachadh a chuid focal i bhfeidhm ar Éamonn…nóta an dochtúra feicthe aige ó Katja leis an dáta…bhí náire air é sin a rá leis na comhpháirtithe….'cleas cruálach suarach'…
- Gháir Warrighe…'nár tháinig tú trasna ar an gcleas sin riamh roimhe seo?'…d'impigh sé ar Éamonn fanacht i Londain, fanacht leo…

**4F. Dánta Breise – Éiceolaí**

Freagair (i), (ii) agus (iii) thíos.

(i) Cad é príomhthéama an dáin *Éiceolaí*, dar leat? Déan plé ar an bhforbairt a dhéantar ar an bpríomhthéama sin ó thús deireadh an dáin. **Eolas = 19 marc**
Príomhthéama a ainmniú = **2** mharc
Forbairt an phríomhthéama = **17** marc

**Treoir:** An príomhthéama a lua agus plé ar an bhforbairt a dhéantar ar an bpríomhthéama sin mar aon le tagairtí cruinne téagartha do théacs an dáin atá ag teastáil sa fhreagra.

**Nótaí tacaíochta**
**An príomhthéama:** an dearcadh difriúil atá ag an mbeirt bhan ar an timpeallacht/ar an nádúr/ar an dúlra…
**An fhorbairt a dhéantar ar an bpríomhthéama:**

- Is bean smachtúil néata láidir fhoirfe í an bhean béal dorais a choimeádann smacht ar a teach, ar a fear agus ar a mac…
- Tá sí mífhoighneach agus lorgaíonn sí foirfeacht i ngach rud a dhéanann sí…
- Ba mhaith léi freisin smacht iomlán a choimeád ar a gairdín féin toisc nach bhfuil suim dá laghad aici san fhiántas…ní maith léi nuair a fhásann an nádúr ó smacht ina gairdín…
- Gearrann sí gach rud a fhásann le deimheas agus is fuath léi aicídí sa ghairdín…
- Níl aon ghrá aici don fhéileacán bán ná don phéist ag tochailt sa talamh…
- Is fuath léi nuair a thiteann na peitil ar an talamh…
- Lorgaíonn an bhean béal dorais timpeallacht fhoirfe…
- Is léir nach bhfuil an dearcadh céanna i leith na timpeallachta ag an bhfile…
- Is duine réchúiseach í an file a thugann cead don nádúr fás go fiáin ina gairdín féin…
- Is cuma léi faoi néatacht agus rudaí a choimeád glan…
- Ní choimeádann sí ord agus eagar ar an nádúr ina gairdín…
- Fásann feochadáin i ngairdín an fhile agus ligeann an file do na seilidí óna gairdín féin imeacht isteach i ngairdín na comharsan…itheann na seilidí leitís na mná in aice léi…
- Fásann driseacha fiáine ó ghairdín an fhile isteach faoin gclaí i ngairdín na comharsan…
- Titeann ‘cuileanna glasa’ ón gcrann caorthainn atá ag fás i ngairdín an fhile isteach ar an bhféar i ngairdín na comharsan…
- Ba mhaith leis an bhfile deireadh a chur le pleananna na mná sa teach in aice léi an gairdín a choimeád faoi smacht…

| Catagóir | Eolas | (17 marc) |
|---|---|---|
| **Sármhaith** | Plé an-chuimsitheach ar fhorbairt an phríomhthéama<br>Tuiscint an-shoiléir léirithe sna pointí eolais<br>Tagairtí sármhaithe, sárthéagartha don dán<br>Smaointe forbartha go sármhaith | 15-17 |
| **An-mhaith** | Plé cuimsitheach ar fhorbairt an phríomhthéama<br>Tuiscint shoiléir léirithe sna pointí eolais<br>Tagairtí an-téagartha don dán<br>Smaointe forbartha go han-mhaith | 12-14 |
| **Maith** | Achoimre ar an dán<br>Insint lom ar an dán sna pointí eolais | 9-11 |
| **Measartha** | Iarracht ar achoimre<br>Eolas bearnach nó míchruinn nó lochtach | 6-8 |
| **Lag/An-lag** | Eolas an-bhearnach, an-mhíchruinn agus an-lochtach | 0-5 |

(ii) A bhfuil i gceist leis na línte seo a mhíniú. **Míniú = 7 marc**

| Catagóir | Marc as 7 |
|---|---|
| Sár-mhaith | 6-7 |
| An-mhaith | 5 |
| Maith | 4 |
| Measartha | 3 |
| Lag/An-lag | 0-2 |

**Míniú**

Tá deimheas aici/ag an mbean béal dorais agus gearrann sí gach aon rud a fheiceann sí ag fás ina gairdín…ní thaitníonn rudaí fiáine a fhásann ó smacht léi…níl aon fhoighne aici agus tá an ghráin aici ar aicídí/ar ghalair…ní maith léi an féileacán bán agus an phéist ag tochailt sa ghairdín…ní thaitníonn aon bhláth léi má thiteann na peitil ar an bhféar…

(iii) Cén t-atmaisféar atá sa dán seo, dar leat? Tabhair **dhá** phointe eolais faoin atmaisféar sin. Bíodh tagairtí cruinne agat do théacs an dáin i do fhreagra. **Eolas = 9 marc**

Pointe Eolais 1 = **5** mharc
Pointe Eolais 2 = **4** mharc

| Catagóir | Marc as 5 | Marc as 4 |
|---|---|---|
| Sármhaith | 5 | 4 |
| An-mhaith | 4 | 3 |
| Maith | 3 | 2 |
| Measartha | 2 | 1 |
| Lag/An-lag | 0-1 | 0 |

**Sampla féideartha**

- Atmaisféar greannmhar…tugtar íomhánna greannmhara soiléire dúinn den bheirt bhan agus an dearcadh atá acu i leith na timpeallachta…is féidir liom í a shamhlú sa ghairdín ag iarraidh an ruaig a chur ar an bpéist agus ar an bhféileacán bán agus na peitil ag titim ar an talamh…
- An íomhá ghreannmhar den fhile agus í breá sásta go bhfuil na feochadáin ag séideadh isteach i ngairdín na comharsan…
- Tá greann ag baint leis na seilidí ag dul isteach i ngairdín na comharsan ag ithe a cuid leitíse…
- Baineann an file sult as na driseacha ag fás isteach i ngairdín na comharsan…
- Ceapaim go bhfuil deireadh an dáin thar a bheith éifeachtach agus greannmhar nuair atá an file ag iarraidh deireadh a chur le dóchas na mná a chónaíonn in aice léi…

**Nóta**: Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc as 35 (Eolas) **agus** as 5 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir sa fhreagarleabhar.

Eolas (35) =
Gaeilge (5) =
Ceist 4F (40) =

| **Gaeilge** | **(5 mharc)** |
|---|---|
| Sárchumas maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 5 |
| Cumas an-mhaith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 4 |
| Cumas maith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 3 |
| Cumas measartha maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 2 |
| Cumas lag/an-lag maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 1 |

## Socruithe Réasúnta agus Scéim Mharcála Mhodhnaithe

Cuirtear **Scéim Mharcála Mhodhnaithe (SMM)** i bhfeidhm ar an obair a chuireann iarrthóirí isteach ar deonaíodh ceann amháin nó níos mó de na socruithe seo a leanas dóibh:

- Úsáid gléas taifeadta
- Úsáid próiseálaí focal
- Úsáid scríobhaí
- Tarscaoileadh maidir le litriú agus gnéithe áirithe den ghramadach

Nuair a dheonaítear an Scéim Mharcála Mhodhnaithe d'iarrthóir ar bith, beidh a (h)uimhir scrúdaithe luaite ar na leatháin mharcála agus réiltín (*) taobh leis an scrúduimhir.

Déantar **an t-ábhar** sna freagraí ar fad a mheasúnú de réir na gnáthscéime marcála.
Déantar **measúnú ar Chruinneas Gaeilge** na n-iarrthóirí sin a mbaineann an Scéim Mharcála Mhodhnaithe leo as a máistreacht ar chruinnúsáid ghnéithe ainmnithe den ghramadach. Ní chuirtear botúin litrithe san áireamh.

**Litriú**:

Ní chuirtear litriú san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar chaighdeán Gaeilge an iarrthóra. I gcás earráidí litrithe, ní chuirtear línte dearga faoi dhrochlitriú in aon áit sa script - Cluastuiscint, Ceapadóireacht, Léamhthuiscint ná sna freagraí litríochta.

**Cruinneas na Gaeilge:**

Maidir le **Gaeilge**, gearrfar pionós ar **bhotúin mhóra chomhréire** a chuireann struchtúr na teanga as riocht. Caithfear na gnéithe ainmnithe seo a leanas a chur san áireamh agus marc á bhronnadh ar an iarracht: Comhréir chruinn; Cruinnúsáid na Copaile; Cruinnúsáid aimsirí na mbriathra; Cruinnúsáid na réamhfhocal…

Ní chuirtear na gnéithe seo a leanas den ghramadach san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar chaighdeán Gaeilge an iarrthóra: úsáid an uraithe; úsáid an tséimhithe; aontú ainmfhocal is aidiachtaí…

Cuirtear **An Scéim Mharcála Mhodhnaithe (SMM)** i bhfeidhm sa mheasúnú ar Ghaeilge sna ranna seo a leanas:

- An Chluastuiscint: Gaeilge (0 - 3 mharc)
- Páipéar 1: An Cheapadóireacht – An Cumas Gaeilge (80 marc)
- Páipéar 2: Ceist 2: Prós Ainmnithe/Roghnach – An Ghaeilge (5 mharc)

**nó**

- Páipéar 2: Ceist 3: Filíocht Ainmnithe/Roghnach – An Ghaeilge (5 mharc)
- Páipéar 2: Ceist 4: Litríocht Bhreise – An Ghaeilge (5 mharc)

Ní mór don scrúdaitheoir "**SMM i bhfeidhm-scrúd.**" a scríobh ar chlúdaigh na bhfreagarleabhar nuair a chuirtear an Scéim Mharcála Mhodhnaithe i bhfeidhm.

Leathanach Bán